Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh
Tuairisc Bhliantúil

2005

SOCIAL WELFARE
APPEALS
OFFICE

Tuarascáil an Phríomh-Oifigigh Achomhairc ar ghníomhaíochtaí an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh i 2005

Clár Ábhair

Réamhrá	2
Claontaí Staitistiúla	3
Cruinnithe agus Comhairliú	9
Cúrsaí Eagraíochta agus Feidhmíochta	12
Imeachtaí Cúirte	14
Cás-Staidéir	15
Cairt Eagraíochta	28

SOCIAL WELFARE
APPEALS
OFFICE

Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh
Teach D'Olier
Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
Guthán: Glao-Áitiúil 1890 74 74 34
Facs: 01 671 8391
ríomhphost: swappeals@welfare.ie

SOCIAL WELFARE
APPEALS
OFFICE

An tUasal Séamus Ó Braonáin
Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Áras Mhic Dhiarmada
Baile Átha Cliath 1

Meitheamh 2006

A Aire,

De réir forálacha ailt 308 (1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005, cuirim tuarascáil faoi do bhráid ar ghníomhaíochtaí na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005.

Mise le meas,

Briain Ó Floinn
An Príomh-Oifigeach Achomhairc

Réamhrá

Is í m'aidhm sa tuarascáil bhliantúil seo ná forbhreathnú a thabhairt ar conas a chomhlíonaimid in Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh ár bhfreagrachtaí i 2005. Coinníonn sé sonraí staitistiúla ar ghníomhaíochtaí na hOifige chomh maith le tráchtaireacht ar cheisteanna eile a tháinig chun cinn i rith na bliana.

Ag cloí le tuarascálacha le déanaí, coinníonn sé rogha de chásanna socraithe ag Oifigigh Achomhairc d'fhonn tuairim den saghas ceisteanna a bhíonn mar cúis le hachomhairc agus an machnamh a dhéanann na hOifigigh Achomhairc ar na ceisteanna sin.

Ag dul thar na staitisticí, tráchtaireacht agus cás-staidéir, áfach, tá a fhios maith agam go leanann croílár ár ngnó le bheith mar an caighdeán seirbhíse a sholáthraímid ar an leibhéal aonair do na mílte achomharcóirí a lorgaíonn ár gcabhair gach bhliain. D'achomharcóirí a fheidhmíonn a cheart chun achomharc a dhéanamh, is é mo dhúshlán ná a chinntiú go dtugtar cothrom na féinne dóibh, go bhfaigheann said deis fónta a gcuid féin a rá, go gcastar lena hachomhairc go pras agus go bhfaigheann said na cinntí is fearr gur féidir i gcúinsí gach cás. Tá na geallta sin le feiceáil go mór inár ráiteas misin "seirbhís achomhairc neamhspleách, inrochtana agus cothrom a sholáthar maidir le teidlíocht ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus chun an tseirbhís sin a sheachadadh i mbealach pras agus cúirtéiseach"

Ba mhaith liom an deis seo a thógáil, ag féachaint siar ar obair na bliana, chun mo bhuíochas a gabháil le lucht oibre na hOifige ar son an tacaíocht a thugadar dom ag comhlíonadh mo dhualgais reachtúla agus don Roinn Gnóthaí, Sóisialacha agus Teaghlaigh agus do Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte ar son a comhoibriú lenár gcuid oibre. Ba mhaith liom obair mo réamhtheachtaí, Mr. Cyril Havelin, a d'éirigh as an seirbhís phoiblí i rith na bliana a mholadh chomh maith.

De réir riachtanais reachtúla, tá an tuarascáil bhliantúil seo á fhoilsiú i bhfoirm dátheangach.

Briain Ó Floinn

Stiúrthóir agus an Príomh-Oifigeach Achomhairc

Claontaí Staitistiúla

Tá eolas staitistiúil i dtaobh achomhairc ar fáil i dTáblaí 1, 2, 3 agus 4 sa mír seo den Tuarascáil Bhliantúil. Is féidir an eolas a choimriú mar seo a leanas:-

Achomhairc Faighte

Fuarthas 13,797 achomharc i rith 2005 i gcomparáid le 14,083 i 2004 .i. laghdú 2% sa bhliain. Bhí sé seo i gcomparáid le laghdú 7.5% idir 2003 and 2004. I dtréimhse de fháltais mhalartacha thar na 8 bliain dheireanach, is é seo an dara bhliain as a chéile ina raibh laghdú taifeadta, cé gur ceann imeallach é.

Saghsanna Achomhairc

Cosúil le 2004, bhí laghdaithe suntasacha i líon na n-achomhairc a fuarthas maidir le roinnt saghsanna scéime. I measc na laghdaithe bhí sochar míchumais (síos 11%), sochar dífhostaíochta (síos 13%) agus íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora (síos 19%). Bhí líon achomhairc ar chúnamh dífhostaíochta suas 16% agus bhí an deontas cúraim fhaoisimh nua a tugadh isteach i lár 2005 mar cúis le 237 achomharc.

Ualach Oibre do 2005

Ag tógáil san áireamh an 13,797 achomharc a fuarthas i 2005 agus an 5,325 achomharc a bhí idir láimhe ag tús 2005, ba é 19,122 an t-ualach oibre iomláin don bhliain Bhí sé seo 292 níos lú ná an ualach oibre iomláin comhfhreagrach de 19,414 le haghaidh 2004.

Achomhairc Tugtha Chun Críche

13,419 appeals were finalised in 2005 compared to 14,089 in 2004 i.e. a 5% reduction. This is the first year since 2000 that appeals finalised did not exceed receipts.

As na 13,419 achomharc tugtha chun críche –

- rinneadh cinneadh ar 8,484 (63%) ag Oifigigh Achomhairc - 8,696 i 2004,
- socraíodh 3,302 (25%) dóibh trí chinntí athbhreithnithe ag Oifigigh Cinnidh - 3,550 i 2004, agus
- bhí 1,633 (12%) aistarraingthe nó níor bhacadh leo ar chuma eile- 1,843 i 2004.

Achomhairc ar Láimh

Bhí 378 níos lú achomhairc tugtha chun críche ná a fuarthas i 2005. Mar thoradh mhéadaigh lion na achomhairc a bhí idir láimhe ag deire 2005 go 5,703, ba é sin méadú 7%.

Toradh na nAchomharc ar Fad

As na 13,419 achomharc tugtha chun críche i 2005 –

- Bhí toradh sásúil don achomharcóir ag 6,325 (47%) .i. ceadaithe go hiomlán, ceadaithe i bpáirt nó réitithe trí chinneadh athbhreithnithe ag Oifigeach Achomhairc - 47% i 2004.
- Bhí toradh neamh-shásúil ag 5,461 (41%) - 40% i 2004
- Bhí 1,633 (12%) aistarraingthe nó níor bhacadh leo ar chuma eile ag an achomharcóir - 13% i 2004.

Cinntí ag Oifigigh Achomhairc

I rith 2005 rinne Oifigigh Achomhairc cinntí ar 8,484 achomharc, as sin ba éisteachtaí bhéil 5,645 (67%) dóibh. As iad siúd, bhí toradh sásúil don achomharcóir ag 2,515 (44.5%). Ba é iomlán de 8,696 achomharc na figiúirí comhfhreagracha i gcóir 2004 as a raibh éisteachtaí béil ag 6,051 (70%) astu sin bhí toradh sásúil ag 2,632 (43.5%).

Bhí an t-iarmhéid de 2,839 (33%) achomharc tiomanta ag Oifigigh Achomhairc i 2005 réitithe trí chinneadh achomair. Astu siúd, bhí toradh sásúil don achomharcóir ag 508 (18%). Na figiúirí comhfhreagracha i gcóir 2004 ná 2,645 (30%) achomhairc as a bhí toradh sásúil ag 383 (14.5%) dóibh.

Achomhairc de Réir Inscne

An coibhneas d'achomhairc faighte ó fir agus mná i 2005 ná 43% agus 56% faoi seach. Sa chás seo, bhí achomhairc ó aonáin chorparáideacha fágtha amach. Ag féachaint ar torthaí sásúla, bhain 43% de fhir agus 51% de mhná leas as torthaí dá leithéid.

Amanna Glanta

I rith 2005 ba é 20 seachtain an meán ama tógtha chun gach achomhairc a phróiseáil atá díreach mar an gcéanna le staid 2004. Má déantar lamháltas do na 25% cás atá is fadaithe, áfach, titeann an meán ama go 13 seachtain, i gcomparáid le 12 seachtain i 2004.San áireamh san am a thógann sé chun achomhairc a chur i gcrích tá gach céim den phróiseas gnáthaimh lena n-áirítear aighneacht na Roinne ar na forais don achomhairc, scrúdaithe breise ag Meastóirí Leighis na Roinne i gcásanna áirithe a bhaineann le tinnis agus socruithe a dhéanamh chun éisteachtaí béil a eagrú áit is cuí. De mheán foriomlán na 20 seachtain –

- tá 8 seachtain ar féidir a chur i leith obair ar siúl laistigh den Roinn,
- tá 2 seachtain tugtha do fhreagraí atá ar feitheamh ó achomharcóirí, agus
- tá 10 seachtain ar féidir a chur i leith le próisis leanúnacha laistigh den Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh.

Comhfhreagras

I rith 2005, fuarthas iomlán de 2,406 fiosraithe agus ionadaíocht ag ionadaithe poiblí ar son achomharcóirí. Tá sé seo i gcomparáid le 2,359 i 2004

Ceisteanna Parlaiminte

Déanann an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh Ceisteanna Parlaiminte a phróiseáil nuair a bhíonn baint acu le cás a bhíonn mar ábhar achomharc faoi láthair. Tá a lán ceisteanna dá leithéid i bhfoirm fiosrúcháin áfach, faoi stádas reatha achomhairc agus, mar sin déanann an Leas-Oifigeach a lán dóibh a aistarraingt nuair a mínítear an staid reatha i ndiaidh teagmhála leis an Leas-Oifigeach. I rith 2005, bhí 245 Ceisteanna Parlaiminte

curtha sios (203 i 2004) dá raibh 211 réitithe sa slí sin agus bhí freagraí do na 34 fágtha tugtha i Dáil Éireann.

Saoráil Faisnéise

Bhí iomlán de 55 iarratas foirmiúla faighte i 2005 (49 i 2004) faoi fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Bhí na hiarratais sin go léir maidir le heolas pearsanta.

Foireann

Ba é 53.05 uimhir na foirne a bhí ag obair san Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh ar 31 Nollaig 2005. Tá sé seo i gcomparáid le 55.25 maidir le 2004.

Seo a leanas léiriú ar an bhfoireann:-

1 An Príomh-Oifigeach Achomhairc	1.0
1 Leas Phríomh-Oifigeach Achomhairc	1.0
1 Bainisteoir Oifige	1.0
17 Oifigeach Achomhairc (le 6 ag roinnt poist san áireamh)	15.3
3 Ard-Oifigeach Feidhmeannach	2.8
10 Oifigeach Feidhmeannach (le 4 ag roinnt poist san áireamh)	8.7
7 Oifigeach Foirne (le 4 ag roinnt poist san áireamh)	5.0
21 Oifigeach Cléireach (le 6 ag roinnt poist san áireamh)	18.25
	53.05

Tugann Aguisín 1 cairt eagraíochta don Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh ar 31 Nollag 2005.

Tábla 1. Achomhairc faighte agus críochnaithe – 2005

	Ar Siúl 01/Ean/2005		Fáltais		Cinneadh déanta Oifigeach Achomhairc		Cinneadh Athbhreithnithe Oifigeach Cinnidh		Aistarraingthe		Ar Siúl 31-Nol-2005	
Pinsin Seanaoise	138		339		283		27		18		149	
Pinsin Scoir	15		35		21		7		9		13	
Liúntais Réamhscoir	10		23		18		0		2		13	
Pinsin Seanaoise (Ranníocacha)	128		126		98		43		23		90	
Sochar Míchumais	1,068		2,742		885		1,254		674		997	
Pinsean Easláinte	276		443		392		45		22		260	
Liúntas Míchumais	803		2,392		921		787		447		1,040	
Sochair Ghortuithe Ceirde	306		434		374		42		56		268	
Sochar Cóireála	11		52		29		9		2		23	
Sochar Dífhostaíochta	360		1,243		1,029		129		55		390	
Cúnamh Dífhostaíochta - Íocaíochtaí	468		2,274		1,823		186		65		668	
Cúnamh Dífhostaíochta - Acmhainn	290		843		615		93		78		347	
Pinsin Dílleachta agus Pinsin Bhaintrí / Bhaintrí Fir	31		63		49		4		0		41	
Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora	765		1,034		791		275		91		642	
Sochar Máithreachais	4		16		8		1		3		8	
Sochar Linbh	165		357		235		138		13		136	
Liúntais Chúramóra	249		586		352		134		38		311	
Cúram Faoisimh	0		206		63		73		1		69	
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	25		57		39		7		0		36	
Cúnamh Feirme / Éisc	39		114		65		17		6		65	
Liúntas Leasa Forlíontach	65		327		306		10		22		54	
Liúntas Cíosa (Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos)	0		0		0		0		0		0	
Gaolta faoi dhliteanas (ranníocaíochtaí)	6		12		3		5		0		10	
Cumas Inárachais na Fostaíochta	103		79		85		16		8		73	
Iomláin	**5,325**		**13,797**		**8,484**		**3,302**		**1,633**		**5,703**	

Tábla 2. Achomhairc faighte 1998 - 2005

	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005
Pinsin na nDall agus Pinsin Seanaoise (neamh-ranníocacha)	570	503	558	575	433	376	328	339
Pinsin Scoir	29	29	23	25	33	46	39	35
Liúntais Réamhscoir	81	38	48	32	28	24	21	23
Pinsean Seanaoise (ranníocacha)	98	87	77	106	239	155	104	126
Sochar Míchumais	3,813	3,917	3,968	3,434	3,284	3,634	3,071	2,742
Pinsean Easláinte	543	554	626	491	509	529	519	443
Liúntas Míchumais	1,254	1,302	1,750	1,861	1,832	2,257	2,252	2,392
Sochair Ghortuithe Ceirde	793	741	806	677	575	503	470	434
Sochar Cóireála	1	1	5	3	4	9	50	52
Sochar Dífhostaíochta	1,370	1,738	2,481	1,881	1,588	1,626	1,421	1,243
Cúnamh Dífhostaíochta - Íocaíochtaí	1,157	1,865	2,821	2,262	1,983	1,874	1,956	2,274
Cúnamh Dífhostaíochta - Acmhainn	2,911	2,246	1,757	1,511	1,511	1,167	907	843
Pinsin Dílleachta agus Pinsin Bhaintrí / Bhaintrí Fir	125	103	151	142	106	64	64	63
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	578	597	779	762	840	1,348	1,271	1,034
Sochar Máithreachais	14	20	16	9	9	10	14	16
Sochar Linbh	116	85	50	56	46	41	324	357
Sochar agus Liúntas Cúramóra	285	756	1,009	1,334	1,376	812	598	586
Cúram Faoisimh	0	0	0	0	0	0	0	206
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	64	57	63	78	72	43	47	57
Cúnamh Feirme / Éisc	0	481	298	157	134	127	107	114
Liúntais Leasa Forlíontacha	115	213	239	354	289	433	370	327
Liúntas Cíosa (Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos)	1	2	1	2	0	0	0	0
Gaolta faoi dhliteanas (ranníocaíochtaí)	0	3	18	117	6	7	5	12
Cumas Inárachais na Fostaíochta	96	127	106	92	120	139	145	79
Iomláin	**14,014**	**15,465**	**17,650**	**15,961**	**15,017**	**15,224**	**14,083**	**13,797**

Tábla 3. Toradh na hachomharc de réir catagóire - 2005

	Ceadaithe	Ceadaithe i bPáirt	Cinneadh OC Athbhreithnithe	Neamhcheadaithe	Aistarraingthe	Iomlán
Pinsin na nDall agus Pinsin Seanaoise (neamh-ranníocacha)	72	20	27	191	18	328
	22%	6%	8%	58%	5%	
Sochar Míchumais	481	13	1,254	391	674	2,813
	17.1%	0.5%	44.6%	13.9%	24.0%	
Pinsean Easláinte	256	2	45	134	22	459
	55.8%	0.4%	9.8%	29.2%	4.8%	
Liúntas Míchumais	340	28	787	553	447	2,155
	15.8%	1.3%	36.5%	25.7%	20.7%	
Sochair Ghortuithe Ceirde	157	54	42	163	56	472
	33.3%	11.4%	8.9%	34.5%	11.9%	
Sochar Dífhostaíochta	282	27	125	682	46	1,162
	24.3%	2.3%	10.8%	58.7%	4.0%	
Cúnamh Dífhostaíochta - Íocaíochtaí	417	46	190	1,398	74	2,125
	19.6%	2.2%	8.9%	65.8%	3.5%	
Cúnamh Dífhostaíochta - Acmhainn	73	42	93	500	78	786
	9.3%	5.3%	11.8%	63.6%	9.9%	
Pinsin Dílleachta agus Pinsin Bhaintrí / Bhaintrí Fir	18	1	4	30	0	53
	34.0%	1.9%	7.5%	56.6%	0.0%	
Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora	229	48	275	514	91	1,157
	19.8%	4.1%	23.8%	44.4%	7.9%	
Liúntais Chúramóra	109	14	134	229	38	524
	20.8%	2.7%	25.6%	43.7%	7.3%	
Cúram Faoisimh	24	0	73	39	1	137
	17.5%	0.0%	53.3%	28.5%	0.7%	
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	16	0	7	23	0	46
	34.8%	0.0%	15.2%	50.0%	0.0%	
Cúnamh Feirme / Éisc	8	14	17	43	6	88
	9.1%	15.9%	19.3%	48.9%	6.8%	
Liúntais Leasa Forlíontacha	75	17	10	214	22	338
	22.2%	5.0%	3.0%	63.3%	6.5%	
Cumas Inárachais na Fostaíochta	29	7	16	49	8	109
	26.6%	6.4%	14.7%	45.0%	7.3%	
Achomhairc Eile [PSA(R), Liúntais Réamhscoir, Sochar Cóireála, srl.]	94	10	203	308	52	667
	14.1%	1.5%	30.4%	46.2%	7.8%	
Iomláin	**2,680**	**343**	**3,302**	**5,461**	**1,633**	**13,419**
	20.0%	**2.6%**	**24.6%**	**40.7%**	**12.2%**	

Tábla 4. Achomhairc ar siúl ag 31 Nollaig 2005

	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005
Pinsean na nDall agus Pinsean Seanaoise (neamh-rann)	229	275	263	332	212	139	138	149
Pinsin Scoir	13	10	12	13	18	13	15	13
Liúntais Réamhscoir	23	21	36	14	4	5	10	13
Pinsin Seanaoise (Ranníocacha)	30	43	47	72	179	117	128	90
Sochar Míchumais	1,696	1,770	1,676	1,522	1,374	1,272	1,068	997
Pinsean Easláinte	231	254	352	272	227	234	276	260
Liúntas Míchumais	625	695	946	852	857	802	803	1,040
Sochair Ghortuithe Ceirde	521	522	489	429	358	259	306	268
Sochar Cóireála	1	1	4	0	2	2	11	23
Sochar Dífhostaíochta	448	618	682	582	432	388	360	390
Cúnamh Dífhostaíochta - Íocaíochtaí	387	686	719	607	541	318	468	668
Cúnamh Dífhostaíochta - Acmhainn	950	644	593	392	405	268	290	347
Pinsin Dílleachta agus Pinsin Bhaintrí / Bhaintrí Fir	58	64	113	86	62	29	31	41
Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora	340	379	568	722	658	950	765	642
Sochar Máithreachais	8	7	5	3	6	4	4	8
Sochar Linbh	41	33	18	25	23	14	165	136
Liúntais Chúramóra	133	449	691	749	514	275	249	311
Cúram Faoisimh	0	0	0	0	0	0	0	69
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	46	19	40	43	31	26	25	36
Cúnamh Feirme / Éisc	0	301	116	52	57	61	39	65
Liúntas Leasa Forlíontach	14	34	50	44	42	38	65	54
Liúntas Cíosa	1	0	0	0	0	0	0	0
Gaolta faoi dhliteanas (ranníocaíochtaí)	0	2	7	58	28	6	6	10
Cumas Inárachais na Fostaíochta	84	120	110	104	126	111	103	73
Iomláin	**5,879**	**6,947**	**7,537**	**6,973**	**6,156**	**5,331**	**5,325**	**5,703**

Cruinnithe agus Comhairliú

Cruinnithe na nOifigeach Achomhairc

De réir mo dhualgais reachtúla, tionóladh cruinnithe na nOifigeach Achomhairc i Márta 2005 agus Deireadh Fómhair 2005. Ba í príomh chuspóir na cruinnithe sin ná chun dea-chleachtais agus comhsheasmhacht i gcinnteoireacht a aithint i measc Oifigigh Achomhairc agus chun na forbairtí is déanaí i dlí riarthach le haird ar leith á thabhairt do bhreithiúnais chúirte le déanaí a phlé. Tá riachtanas leanúnach le hOifigigh Achomhairc a choimeád suas chun dáta ar riachtanais an dlí riarthach d'fhonn a chinntiú go bhfanann an tseirbhís a chuirimid ar fáil freagrach ar riachtanais na n-achomharcóirí agus daoine eile a úsáideann an tseirbhís achomhairc. Is é seo a leanas achoimre de roinnt de na ceisteanna a pléadh ag na cruinnithe sin.

Íocaíochtaí Dífhostaíochta – Sosanna Ama Téarma Scoile

I dtuarascáil na bliana seo caite, bhí imní faoi thionchar an athraithe polasaí a thug an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh isteach, áit nár glacadh le laethanta "teidlíocht shaoire carntha" mar laethanta dífhostaithe le haghaidh sochair dhífhostaíochta. Ba iad fostaithe scoile ar nós maoir thráchta scoile agus oibrithe ceaintín a bhíonn dífhostaithe ar feadh an bhriseadh meán-téarma srl. na ndaoine ar a raibh an tionchar is mó orthu. Tá áthas orm a thabhairt faoi deara gur rinne an Roinn athbhreithniú ar a pholasaí i 2005 maidir le seo agus nach gcuirtear an neamh-chead i bhfeidhm ach amháin i leith laethanta saoire íoctha.

Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora – Tuilleamh ó Fhostaíocht

Is íocaíocht í an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora (ÍTAT) d'fhir agus mhná atá ag tógáil clainne gan tacaíocht a chéile nó páirtí. Is íocaíocht faoi réir tástáil maoine í agus ceann de na rudaí a tugtar san áireamh ná tuilleamh ó fhostaíocht. Tá teorann tuillimh de €293 in aghaidh na seachtaine i gceist agus níl tuismitheoirí aonair a thuilleann níos mó ná sin i dteideal íocaíochta. Tharraing tuarascálacha bliantúla roimhe seo de chuid m'Oifige aird ar na ró-íocaíochtaí suntasacha a bhí measta i gcoinne tuismitheoirí aonair ag éirí as na tionscadail athbhreithnithe ar thuillimh speisialta curtha ar bun ag an Roinn, agus na deacrachtaí a chruthaigh sé do Oifigigh Achomhairc ag éisteacht le hachomhairc faoi ró-íocaíochtaí dá leithéid.

Tá áthas orm a rá go chuir an Roinn feabhas ar shocruithe roimhe seo i 2005 trí -

- eolas níos fearr a sholáthar faoin teorainn do thuilleamh seachtainiúla atá luaite go sainiúil ar an leabhair íocaíochta anois, agus
- stop a chur leis an gcleachtas de mheán-thuilleamh seachtainiúla a ríomh ar bhonn an tuilleamh bliantúil roinnte faoi 52. Seachas cloí leis na forálacha reachtúla, tá an cleachtas reatha níos cruinne chomh fada agus gur féidir leis aon athruithe i leibhéil tuillimh a thógáil san áireamh.

Tugaim faoi deara an méadú i dtairseach thuillimh seachtainiúla ó €293 go €375 mar a fhógraítear i mBuiséad 2006.

Fanaim imníoch, áfach, go bhfuil cur chuige níos urghníomhach i leith athbhreithnithe tuillimh córasacha agus rialta a dhéanamh maidir le custaiméirí na Roinne a bhfuil ina thuismitheoirí aonair ag teastáil. Tá sonraí tuillimh ábhartha don chatagóir faighteora sin ar fáil cheana féin don Roinn trína nasc le na Coimisinéirí Ioncaim. Laghdaíodh nó stopfaidh a leithéid de chur chuige teacht chun cinn ró-íocaíochtaí sa chéad áit.

Coinníoll Gnáth-Chónaí

Tugadh isteach an coinníoll gnáth chónaí i mBealtaine 2004 mar riachtanas cáilíochta do gach íocaíocht chúnaimh shóisialaigh agus sochar linbh. Tá sé leagtha amach i dtéarmaí andóchais nach bhfuil duine ina ghnáth chónaí má tá siad ina chónaí i stáit an limistéir chomónta taistil ar feadh níos lú ná dhá bhliain. Tá ar dhuine an t-andóchas sin a bhréagnú chun an coinníoll gnáth chónaí a shásamh.

Tharraing an tuarascáil bhliantúil do 2004 aird ar imní faoi chur i bhfeidhm an choinníll seo de chatagóir áirithe d'oibrithe imircigh a bhfuil ina náisiúnaigh den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach. Go háirithe bhí aird tarraingthe ar choimhlint féideartha le reachtaíocht ábhartha AE a fhorálann gur chóir go mbeadh teacht neamh-theoranta ag a leithéid de oibrithe imircigh ar shochair theaghlaigh cosúil le sochar linbh agus íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora. Tugaim faoi deara go raibh an éifeacht a bhí ag an tabhairt isteach de reachtaíocht AE nua i mBealtaine 2005 (Rialachán 647/2005 a leasaíonn Rialachán 1408/71) de na catagóir sin d'oibrithe imircigh a fhágáil amach ón fheidhmiú den choinníoll ghnáth chónaí maidir le sochair teaghlaigh aitheanta Cuireadh na forálacha nua seo i bhfeidhm ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le laghdú iarmhartach i líon na gcásanna ag teacht go dtí m'Oifig ar achomharc.

Cé go bhfuil siad fáilteach roimh an athrú seo, leanann Oifigigh Achomhairc ag léiriú imní faoi leordhóthanacht na coimircí glactha ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun chomhsheasmhacht sa phróiseas cinnteoireachta a chinntiú i gcóir cásanna coinníll ghnáth chónaí. Tá cásanna tar éis teacht go dtí an Oifig seo ina raibh bunús an diúltaithe lag agus gan tacaíocht nó sa chás ina raibh an coinníoll d'aidhmeanna liúntais leasa forlíontach comhlíonta ach nach raibh do chúnamh dífhostaíochta. Tá méid áirithe cásanna coinníll ghnáth chónaí san áireamh sa mír cás-staidéir den tuarascáil seo.

Tuigim go bhfuil athbhreithniú den riaracháin den coinníoll gnáth-chónaí tionscanta ag an Roinn, a bhfuil, ag am scríofa, beagnach críochnaithe. Tá súil agam go bpléadh toradh an athbhreithnithe sin roinnt de na himní dem' Oifig agus go dtiocfaidh feabhais ar an riarachán den choinníoll seo.

Pinsin Baintrí – Colscaradh Eachtrach

Tháinig roinnt achomhairc chun cinn i rith na bliana ina raibh an aitheantas a thabhairt do cholscaradh eachtrach mar an ábhar díospóide, colscaradh a d'fhéadfadh a bheith tugtha roinnt

blianta ó shin, is é sin roimh achtú an Achta um Shainchónaí agus Aithint Colscarthaí Coigríche, 1986. Is é an staid dlíthiúil ná nach n-aithnítear colscarthaí eachtracha tugtha roimh 2 Deireadh Fómhair 1986 ach amháin má raibh duine amháin nó an bheirt acu ina (g)chónaí sa tír ag ceadú an cholscartha. I roinnt cásanna bhí pinsin baintrí dícheadaithe mar ní raibh an achomharcóir ina baintreach/bean chéile dlíthiúil don duine marbh. Go tipiciúil d'fhéadfadh an staid seo teacht chun cinn má faightear go raibh pósadh scaoilte trí cholscaradh eachtrach i rith na 1970s agus 1980s ag duine de na daoine sa phósadh,. Creidim go dtiocfaidh lion níos mó cásanna chun cinn ar achomharc sa todhchaí maidir le próifíl aoise na lánúin i gceist. Tá cás-staidéar ar an gceist seo san áireamh i rannóg na gcás-staidéir den tuarascáil seo.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbaineann an cheist léirithe anseo le colscarthaí a ceadaíodh roimh 2 Deireadh Fómhair 1986. Forálann Rialachán AE 1347/00 de Mhárta 2001 do a thuilleadh athruithe maidir le colscarthaí eachtracha a aithint.

Pinsean Dílleachta – Sainmhíniú ar "Dhílleachta"

Le linn 2005, thug Oifigigh Achomhairc faoi deara go raibh athrú ar an sainmhíniú de "dhílleachta", mar a foráladh faoin Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2005, d'fhonn cáiliú le haghaidh pinsin dílleachta. Faoi réir na sainmhínithe nua caithfidh tuismitheoirí a bheith tar éis "a gcuid leanaí a thréigean agus gur theip orthu a leanaí a chothú", cé gur sainigh an sean-sainmhíniú go raibh a gcuid leanaí "tréigthe acu nó gur theip orthu a gcuid leanaí a chothú". Sa dara chás d'fhéadfadh aon cheann den dá riachtanas a bheith i gceist chun cáiliú mar dhílleachta fad is a bhíonn gá leis an dá riachtanas a shásamh ag am an éilimh faoin tsainmhíniú nua. Tá Oifigigh Achomhairc tar éis casadh le cásanna nach bhfuil tuismitheoir aonair an linbh in ann aire a thabhairt don leanbh (toisc, mar shampla, fadhbanna shóisialta tromaí ar nós a bheith tugtha do dhrugaí) agus cuirtear an leanbh faoi chúram na sean thuismitheoirí. Sa chás sin, de ghnáth ní cheadaíonn Oifigigh Cinnidh na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh iarratais toisc nach raibh an leanbh tréigthe (cé nach bhfuil teip ar chothú in amhras) agus, mar thoradh, níl liúntas/pinsean dílleachta iníoctha. Coimeádfar an cás faoi athbhreithniú.

Deontas Cúraim Fhaoisimh

I Meitheamh 2005 bhí réimse an deontais chúraim faoisimh forleathnaithe chun freastal ar gach cúramóir a thugann cúram agus aire lánaimseartha do dhuine aosta nó dhuine le míchumas ar neamhaird dá gcuid maoine. Is é €1,000 méid an deontais agus íoctar é go bliantúil. Mar atá le gach foráil reachtúil nua, bhí díospóireacht idir Oifigigh Achomhairc faoin gcur chuige is fearr chun déileáil le hachomhairc i gcoinne cinntí chun an Deontas a dhiúltú. Ceapadh sa chuid ba mhó de na cásanna gur féidir achomhairc a réiteach trí chinneadh achomhairc. Ag teach ar an dearcadh seo, thug Oifigigh Achomhairc aird ar nádúr aon-uaire na híocaíochta, phróifíl aoise na n-achomharcóirí a raibh a lán dóibh aosta, agus an gá le hachomharcóirí a chosaint ó fhreastal ar éisteacht bhéil gan gá. Bhí 237 faighte sa chatagóir seo i 2005.

Oifig Chomhairleach na gCinntí

Soláthraíonn Oifig Chomhairleach na gCinntí an príomhfhóram trína gcoinnítear agus a bhforbraítear an caidreamh feidhmiúil leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Leanadh ar aghaidh le cruinnithe rialta idir Stiúrthóir Oifig Chomhairleach na gCinntí agus a fhoireann i 2005. Is ag na cruinnithe sin a sholáthraítear aiseolas don Roinn ar cheisteanna reachtaíochta nó chleachtais riarthacha a tháinig chun cinn le linn cúrsa na gcásanna achomhairc.

D'fhéadfadh tionchar fíor-thábhachtach a bheith ag ról Oifig Chomhairleach na gCinntí ar an sraith oibre ag teacht chuig m'oifig. Is féidir le hoiliúint d'Oifigigh Cinnidh ón riachtanas bunúsach ag tabhairt cúiseanna do gach cinneadh neamhfhabhrach go dtí reachtas ceart de phróisis athbhreithnithe foirmiúil (chun go d'fheadfaí athbhreithniú agus cinneadh tapa chomh maith le réitigh féideartha a bhaint amach gan an gá le dul i muinín an próiseas achomhairc foirmiúil cuir go mór le laghdú i líon na achomhairc ag teacht chuig m'oifig.

Bhí tagairt i dtuarascálacha bliantúla eile de chuid m'oifig roimhe seo do mhoilleanna – moilleanna tromchúiseach uaireanta – agus comhaid agus aighneachtaí ábhartha á fháil ó áiteanna scéime áirithe den Roinn d'fhonn an próiseas achomhairc a thosú. Ar ndóigh, is féidir le moilleanna den tsóirt sin tionchar diúltach a bheith ar ár gcumas chun seirbhís chustaiméara den scoth a sholáthar chomh maith le h-am próiseála achomhairc a fhadú gan ghá. Admhaíonn m'oifig an tacaíocht soláthartha ag Oifig Chomhairleach na gCinntí ag coimeád an staid sin faoi athbhreithniú.

I measc na ceisteanna a phléadh le hOifig Achomhairc na gCinntí i rith na bliana bhí iad seo a leanas.

Ró-íocaíochtaí

Chomh maith le cinneadh a dhéanamh ar achomhairc i gcoinne cinntí d'Oifigigh Cinnidh na Roinne Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, breithníonn Oifigigh Achomhairc ar chinntí leasaithe déanta ag Oifigigh Chinnidh. Déantar a leithéid de chinntí leasaithe i gcásanna ina bhfuil duine ag fail íocaíochta nach raibh i dteideal dóibh nó a bhí i dteideal dóibh ag ráta laghdaithe. Go tipiciúil, bíonn éifeacht cúlghabhálach ag cinntí leasaithe agus de ghnáth bíonn an bunú de ró-íocaíochtaí atá inaisghafa ag an Roinn. Ag déileáil le hachomhairc a bhaineann le cinntí leasaithe, bíonn ar Oifigigh Achomhairc plé ar dtús leis an gceist suntasach faoi an raibh an cinneadh chun an íocaíocht a dhiúltú nó a laghdú i gceart. Más ceart, leanann na hOifigigh Achomhairc ar aghaidh chun an dáta ónár cóir go bhfeidhmeoidh an cinneadh a bheartú. Ag beartú dáta feidhmithe an chinnidh d'fhéadfadh Oifigigh Achomhairc aird a thabhairt ar fhorálacha reachtúla a ligeann dóibh ró-íocaíochtaí a laghdú nó a dhíbir fiú maidir le "fíricí nó fianaise nua agus cúinsí an cháis" (a. 319 de Acht Leasa Shóisialaigh Comhdhlúthú 2005).

I rith 2005, luaigh Oifigeach Chomhairleach na gCinntí imní luaite ag oifigigh na Roinne faoi an slí ina raibh na forálacha

reachtúla á cur i bhfeidhm ag Oifigigh Achomhairc. Ghlac an Roinn go bhfuil an ceart ag Oifigigh Achomhairc dáta dul i gcionn ar bith a roghnú a gceapann said a bhfuil oiriúnach i gcuimsí gach cás ach mhothaigh said go mba chóir an feidhm sin a úsáid níos oiriúnaí ag oifigigh athghabháil ceaptha faoi fhorálacha sa reachtaíocht athghabháil ró-íocaíochtaí. Tá an Oifig Achomhairc den tuairim, áfach, go bhfuil an bunú de ró-íocaíocht ceangailte go cinnte leis an bpróiseas cinnidh agus achomhairc.

Deontas Báis

D'aidhmeanna an teidlíocht ar deontas báis, forálann an reachtaíocht ábhartha go gcaithfidh leanbh cáilithe idir aois 18 agus 23 bliain a bheith "in oideachas lánaimseartha, na cúinsí dá leithéid a bheidh sonraithe i rialacháin" [A. 134(3) den Acht Leasa Shóisialaigh Comhdhlúthú 2005]. Níl aon fhorálacha déanta faoin bhforáil seo áfach. Cé gur dearmad mór é seo a d'fhéadfadh teacht i gcoinne éilitheoirí i gcásanna áirithe, tugann sé discréid áirithe do Oifigigh Cinnidh agus Oifigigh Achomhairc agus cinneadh á dhéanamh acu ar céard atá i gceist le hoideachas lánaimseartha d'fhonn a bheith i dteideal deontais báis.

Tháinig an scéal seo chun cinn i gcomhthéacs cás achomhairc faoi leith. Tuigtear go bhfuil an cheist de rialacháin faoi bhreithniú sa Roinn faoi láthair.

Ceisteanna Riarthacha

Le linn na bliana, cuireadh imní in iúl do Oifig Chomhairleach na gCinntí faoi raon de lochtanna riarthacha maidir le comhaid á phróiseáil ag an Roinn roimh dóibh a bheith curtha faoi bhráid na hOifige Achomhairc. San áireamh sna ceisteanna aitheanta bhí -

- Teip ar thaobh roinnt de na hOifigigh Cinnidh chun cointinn an achomhairc a phlé, mar a iarrann an reachtaíocht, agus comhaid á gcur faoi bhráid na hOifige Achomhairc acu.
- Cinntí glactha ag Oifigigh Cinnidh a bhí an chuma orthu nach raibh siad bunaithe ar aon imscrúdú ná measúnú ceart den fhianaise atá ar fáil.
- Nár tugadh aon aird ar iarratais ó achomharcóirí ag lorg eolais nó soiléirithe ar chinntí glactha ag Oifigigh Cinnidh.

Tá áthas orm a thabhairt faoi deara go bhfuil sé ar intinn ag an Roinn cúrsaí oiliúna breise a chur ar fáil d'Oifigigh Cinnidh le béim ar leith ar cháilíocht na gcinnteoireachta agus na haighneas maidir le cinntí ar a rinneadh achomharc a fheabhsú. Cé go leanfaidh an Oifig Achomhairc ag déanamh monatóireachta ar an scéal, beidh sí ag machnamh ar chód cleachtais níos déine a thabhairt isteach i leith comhaid agus aighneachtaí achomhairc.

Oifigigh Achomhairc Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Riarann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) an Scéim Liúntais Leasa Forlíontach thar ceann na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Is féidir le haon duine nach bhfuil sásta le cinneadh an FSS maidir le Liúntas Leasa Forlíontach achomharc a dhéanamh sa chéad dul síos le Oifigeach Achomhairc de chuid an FSS. Áit nach bhfuil an duine fós sásta le cinneadh an Oifigigh Achomhairc de chuid an FSS, tá ceart achomhairc breise ann san Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh. I rith na bliana, bhuail mo réamhtheachtaí le hOifigigh Achomhairc an FSS ó réigiúin éagsúla chun ceisteanna atá ag teacht chun cinn a phlé agus tá achoimre de roinnt de na ceisteanna le fáil mar seo a leanas.

Coinníoll Gnáth-Chónaí

Rinneadh cúraim na nOifigeach Achomhairc maidir le neamhréir i bhfeidhmiú an choinníll ghnáth-chónaí, mar atá luaite thuas cheana, a phlé le Oifigigh Achomhairc an FSS.

Cliaint Ilaithne

Tharraing Oifigigh Achomhairc an FSS aird ar an gceist de ilaithne, sna cásanna lena mbíonn siad ag déileáil, de ghnáth daoine ag obair faoi ainm amháin agus ag tarraingt liúntas leasa forlíontach faoi ainm difriúil. I ndiaidh díospóireachta ar thaithí na nOifigeach Achomhairc Leasa Shóisialaigh maidir leis sin, d'aontaíodh go raibh calaois aithne, lena n-áirítear pasanna bréige a úsáid, mar cheist choiriúil agus mar sin go raibh sé ina ábhar imscrúdaithe do na Gardaí.. Ní raibh sé ina ábhar cinnidh faoin gcód leasa shóisialaigh.

Cásanna Síor Rothlacha

Tugadh an cheist go raibh ar chliaint áirithe athiarratais a dhéanamh ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh chun suntais le hOifigigh Achomhairc an FSS. Tugadh faoi deara go bhfuil gá le héilitheoir iarratas a dhéanamh ar aon íocaíocht leasa shóisialaigh ar a d'fhéadfadh sé/sí a bheith i dteideal ar dtús, roimh dóibh liúntas leasa forlíontach a fháil. Áit nach gceadaítear éileamh leasa shóisialaigh, ní chóir go mbeadh ar an éilitheoir athéilimh a dhéanamh, is é sin dul trí phróiseas leanúnach d'éilimh agus achomhairc. Tá a leithéid de phróisis caifeach ar am agus acmhainní agus ba chóir é a sheachaint.

Ceisteanna Riarthacha

Glacadh an deis chun roinnt ceisteanna riarthacha agus ní ceisteanna faoi nósanna imeachta a bhaineann le feidhmeanna nach bhfuil i dteideal a bheith faoi achomharc a ardú agus a phlé leis an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh. Tá siad seo a leanas san áireamh -

- Feidhmeanna riarthacha an FSS maidir le héileamh ar liúntas leasa forlíontach a fhormheas nó a dhiúltú,
- Feidhmeanna a bhaineann le híocaíocht liúntais leasa forlíontach a chur ar fionraí
- Íocaíochtaí do riachtanais eisceachtúla faoin scéim liúntais leasa forlíontach,
- Déantar íocaíochtaí áirithe den chineál forlíontach ar bhonn riarthaigh,
- An liúntas soláthair díreach atá iníoctha le hiarrthóirí tearmainn atá ag fáil cóiríochta soláthair dhírigh faoin scéim riartha ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Cúrsaí Eagraíochta agus Feidhmíochta

Acmhainní

Leagann an Chairt Eagraíochta ag Aguisín 1 amach struchtúr na hOifige ar an 31 Nollaig 2005. Bhí líon na foirne síos beagáinín ó 2004. Ag deireadh na bliana bhí 17 Oifigeach Achomhairc ag obair (coibhéis lánaimseartha de 15.3), in éineacht le 41 duine san fhoireann riarthach (coibhéis lánaimseartha de 34.75) Nuair a chuirtear an Príomh-oifigeach Achomhairc, an Leas-Phríomh-oifigeach Achomhairc agus Bainisteoir Oifige in éineacht leo, is ionann an fhoireann iomlán agus 61 duine. Téann sé seo i gcomparáid leis an 63 a bhí ann ag deireadh 2004.

D'éirigh an t-Oifigeach Achomhairc Billy Murphy, as a phost i rith na bliana, tar éis dó seirbhís 20 bliain a chaitheamh san Oifig. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis as an rannpháirt oibre a rinne sé san Oifig a fhad is a bhí sé anseo.

Seirbhís Chustaiméara

Tá an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh tiomanta do sheirbhís custaiméara d'ard-chaighdeán a sheachadadh dár gcustaiméirí go léir agus as a chinntiú go ndéantar feabhsú leanúnach ar chaighdeán na seirbhíse a chuirimid ar fáil. Leanamar leis an iarracht seo i 2005 agus seo a leanas roinnt de na réimsí a bhí i gceist.

Eolas

D'fhonn tuiscint éasca a chinntiú, tá nuashonrú déanta ar bhileoga eolais na hOifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh tríd an gnáth-chaighdeán Béarla a chur i bhfeidhm.

Glao-Áitiúil

Leantar leis an monatóireacht ar an seirbhís Glao-Áitiúil 1890 74 74 34, a ligeann do chustaiméirí dul i dteagmháil leis an Oifig ag rátaí glaonna áitiúla d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar a riachtanais sa chaoi seo.

Áiseanna Éisteachta

Cuirtear éisteachtaí achomhairc do cheantar Bhaile Átha Cliath, a sheasann do thart ar aon trian de na hachomhairc a fhaightear, ar siúl i gceanncheathrú na hOifige i dTeach D'Olier, Baile Átha Cliath 2. Cuirtear éisteachtaí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ar siúl ag suímh éagsúla atá oiriúnach do na hachomharcóirí Úsáidtear óstáin de ghnáth agus déantar monatóireacht orthu seo le cinntiú go shroicheann siad caighdeán atá cuí ó thaobh príobháideachta agus compoird de don éisteacht achomhairc.

As an 8,484 achomharc a bhí socraithe ag Oifigigh Achomhairc i rith 2005, bhí éisteacht bhéil ag teastáil ó 5,645 (67%) dóibh.

Teangairí

Tá fás leanúnach ag teacht ar uimhir na n-achomharc ó dhaoine ón iasacht. Déanann an Oifig a seacht ndícheall go mbeadh teangaire i láthair ag éisteacht an achomhairc, nuair is gá é, le freastal ar na cásanna seo.

Measúnóirí

Ní raibh aon athruithe ar na socruithele haghaidh tinreamh measúnóirí ag éisteachtaí béil i 2004. Is gá le measúnóirí a bheith i láthair ag éisteachtaí bhéil i gcás go bhfuil ceisteanna ar leith maidir le sochar agus cúnamh dífhostaíochta faoi chaibidil. Is é cuspóir na measúnóirí, a mbaintear ó phainéil cheantair-bhunaithe agus atá ainmnithe ag leasanna ceardchumainn agus fostóirí, ná léargas a thabhairt ar na suímh fostaíochta áitiúla.

Bhí buairt léirithe ag tuarascáil bhliantúil 2004 go raibh ag teipeadh ar na measúnóirí go minic, a bheith i láthair ag éisteachtaí na n-achomharc. Lean an treocht sin ar aghaidh i 2005 agus chruthaigh sé deacracht shuntasach chun próiseas an achomhairc a thabhairt chun críche i gcásanna áirithe. Faoin reachtaíocht reatha, is ábhar é don Phríomh-oifigeach Achomharc, cinneadh a dhéanamh faoin gcineál achomhairc, má tá ceann ar bith ann, a bhfuil cabhair measúnóirí ag teastáil uaidh ag éisteachtaí achomharc. Dá bharr, i bhfianaise an chlaonta leanúnaigh, táim ag déanamh athbhreithnithe ar an ngá atá le measúnóirí a bheith i láthair ag éisteachtaí achomhairc bhéil.

Dílárú

Tá an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh bunaithe i mBaile Átha Cliath i lóistín oifige i dTeach D'Olier, Sráid D'Olier. Tá sé i gceist í a athlonnú go dtí an Droichead Átha faoi chlár díláraithe an Rialtais. Tá sé i gceist go mbogfar príomhoifig na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh go Droichead Átha chomh maith. Taobh istigh den phleanáil don suíomh nua, tá riachtanais lóistín m'Oifige curtha in iúl chuig an Roinn, le béim ar leith ar an ngá atá le neamhspleáchas na hoifige taobh amuigh de chúram na Roinne, a chaomhnú agus a fhorbairt.

Chomh maith le lóistín nua a lorg, lean an obair leanúnach d'ullmhú agus pleanáil don athlonnú ar aghaidh i 2005, le béim ar leith ar an ngá atá le bainistiú eolais agus léarscáiliú na bpróiseas gnó. Déanfar forbairt sa bhreis air sin de réir mar a thagann eolas sa bhreis aníos ón leibhéal lárnach. Gan amhras, tá dúshláin mhóra amach romhainn ó thaobh dílárú éifeachtach a dhéanamh ar sheirbhís na líne tosaigh, atá bunaithe thart timpeall ar lár-ionad i mBaile Átha Cliath.

Suíomh Idirlín (www.socialwelfareappeals.ie)

Tógadh suíomh idirlín don Oifig Achomharc i rith 2005 agus chuaigh sé ar líne i Mí na Nollag. Roimhe sin, bhí eolas ar an idirlín a bhain leis an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh curtha san áireamh ar shuíomh idirlín na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ag www.welfare.ie. Níor chuir an socrú seo le híomhá an neamhspleáchais a bhí ag an Oifig agus, mar sin, rinneadh socruithe chun suíomh idirlín ar leith a sholáthar don tseirbhís achomhairc.

Buntáiste mór a bhaineann leis an suíomh idirlín nua ná go ligeann sé do réimse leathan de chásanna staidéir achomhairc le bheith foilsithe ar an suíomh. Cabhróidh sé seo le daoine a bhfuil suim acu, achomharcóirí san áireamh, chun léargas a fháil

ar na hábhair a bhíonn os comhair na n-Oifigeach Achomharc agus iad ag iarraidh cásanna a mheas. Ligeann sé d'uimhir níos mó de chásanna agus de chinntí a bheith foilsithe ná mar a d'fhéadfaí a dhéanamh in amanna thart, i gcomhthéacs na tuarascála bliantúla ina bhfuil uimhir bheag cásanna staidéir le fáil. Go dtí seo, tá 70 cás ar an suíomh idirlín. Ar ndóigh, déantar staidéir cáis a thuairisciú ar bhealach a fhágann amach eolas pearsanta chun díth ainm na n-achomharcóirí a chosaint.

Ionad Dlí Pobail an Tuaiscirt

I Samhain 2005 d'fhoilsigh Ionad Dlí Pobail an Tuaiscirt tuarascáil thaighde faoi chóras achomhairc an leasa shóisialaigh. Faoi theideal "The Social Welfare Appeals System: Accessible and Fair?", chuir an tuarascáil béim ar an ngá le haghaidh córas achomhairc cóir agus neamhchlaonta a bheith ann do shaoránaigh maidir lena teidlíochtaí leasa shóisialaigh agus d'ardaigh sé roinnt ceisteanna maidir le héifeachtacht na seirbhíse reatha.

Cuirim fáilte roimh an tuarascáil mar rannpháirt dhearfach don phleanáil agus forbairt amach anseo den chóras achomhairc leasa shóisialaigh d'fhonn a chinntiú go gcoinníonn sé muinín ár gcliant. Tá roinnt de na moltaí a rinneadh curtha i bhfeidhm cheana nó tá siad ar i mbun a bheith curtha i bhfeidhm, mar thoradh ar athbhreithniú mór a rinneadh le déanaí ar an Oifig Achomhairc den chuid is mó. Bhí roinnt torthaí dearfacha ann don Oifig Achomhairc sa tuarascáil. Mhothaigh na heagraíochtaí deonacha agus pobail a cuireadh suirbhé orthu le linn an staidéir, gur fheidhmigh an Oifig Achomhairc i tslí chóir agus neamhchlaonta agus gur chuir siad daoine ar a suaimhneas i rith éisteachtaí achomhairc, a d'fhéadfadh a bheith ina eachtraí an imníoch do go leor daoine. Ina theannta, mhothaigh 94% de fhreagróirí an tsuirbhé go raibh deis acu a gcás a léiriú agus chun freagra a thabhairt ar cheisteanna a tháinig chun cinn le linn a héisteacht achomhairc.

Leanfaidh an Oifig Achomhairc ag tógáil moltaí na tuarascála san áireamh i gcomhthéacs na forbartha sa todhchaí den tseirbhís achomhairc.

Neamhspleáchas

Tá comhchuspóir ag an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh, atá ag feidhmiú mar eagras neamhspleách, leis an Roinn Gnóthaí Sóisialaigh agus Teaghlaigh ó thaobh a bheith ag cinntiú go bhfaigheann a gcustaiméirí an tseirbhís is fearr gur féidir i ngach réimse.

Taobh amuigh den chaidreamh a bhíonn ann ó lá go lá amh, tá an Oifig scoite amach agus feidhmíonn sí go neamhspleách ón Roinn. Is oifigigh reachtúla iad a hoifigigh Achomhairc a chomhlíonann a fheidhm de mheasúnú a dhéanamh ar chásanna achomhairc ar bhealach neamhspleách, coincheap atá tacaithe ag na cúirteanna thar na blianta. Cé nach bhfuil amhras ar bith faoi neamhspleáchas na n-oifigeach reachtúla, áfach, níl aon aitheantas reachtúil den Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh mar eagras reachtúil ina chearta féin.

Caithfidh muinín a bheith ag na daoine a úsáideann an tseirbhís achomhairc, as a neamhspleáchas agus as a chumas chun a ról a chomhlíonadh go neamhspleách. Má tá an mhuinín sin in easnamh, laghdaítear agus déantar lagú ar ról na seirbhíse achomhairc. Don chúis sin, ceapaim go gcaithfear machnamh a bheith tugtha ag an gcéim seo ar neamhspleáchas reachtúil a sholáthar don Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh.

An Bhliain Amach Romhainn

Ní lú an dúshlán a bheidh romhainn i 2006 in Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh ná mar a bhí i 2005.

Leanfaidh comhlíonadh na riachtanas pleanála leanúnach do dhílárú ar aghaidh i 2006 agus tá tagairt déanta don tasc sin thuas cheana.

Beidh impleachtaí ag baint leis an gcinneadh chun an tSeirbhís Leasa Phobail agus na scéimeanna tacaíochta ioncaim a bhaineann léi, a aistriú ón Roinn Sláinte agus Leanaí chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, ó thaobh obair breise ag teacht chun cinn don Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh agus beidh pleanáil riachtanach ag teastáil chun freastal ar na riachtanais sin.

Imeachtaí Cúirte

Breithiúnais i 2005

Ní dhearnadh aon bhreithiúnais san Ard-Chúirt nó sa Chúirt Uachtarach i 2005, maidir le cinntí a rinne Oifigigh Achomhairc Leasa Shóisialaigh.

Cásanna Cúirte atá ar Feitheamh

Stádas ÁSPC de léitheoirí méadair atá ar Conradh.

Chinn Oifigeach Achomhairc go raibh léitheoirí méadar atá ar conradh, á bhfostú faoi chonradh seirbhísí agus go mbaineann ráta ÁSPC Aicme A leo. Rinne an Bord achomharc don Ard-Chúirt faoin gcinneadh sin ar an bhforas go raibh na léitheoirí méadair ina conraitheoirí féinfhostaithe. Tar éis éisteacht trí lá i nDeireadh Fómhair 2005, rinneadh forchoimeád ar an mbreithiúnas. (Ag an am a scríobhadh seo, tá breithiúnas seachadta a thacaíonn cinneadh an Oifigigh Achomhairc agus tá achomharc don Chúirt Uachtarach curtha isteach ag an mBord. Cuirfear sonraí sa bhreis ar fáil i dtuarascáil na bliana seo chugainn).

Cúnamh Dífhostaíochta

Tá imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnacha tógtha i gcoinne an Aire Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh ag achomharcóir a raibh a éileamh ar chúnamh dífhostaíochta diúltaithe ar ab bhforas nach raibh sé/sí dífhostaithe nuair a bhí sé/sí ag freastal ar chúrsa oideachais. Níor críochnaíodh an próiseas achomhairc sa chás nuair a cuireadh tús le himeachtaí. Tá na himeachtaí á dtógáil ar roinnt cúiseanna (nósanna imeachta don chuid is mó) le líomhaintí a mhaíonn go raibh nósanna imeachta na héisteachta béil éagórach, san áireamh. Tá na himeachtaí faoi iomaíocht agus tá cosaint iomlán curtha le chéile. Níor socraíodh ar aon dáta d'éisteacht an cháis seo go fóill. (Tugadh chun solais go raibh an cur síos a rinneadh ar an gcás seo a bhí sa Tuarascáil Bhliantúil 2004 a cuireadh i gcló, mícheart; is oth linn aon mhíchaoithiúlacht a tharla mar thoradh air seo.

Cáis staidéir de Chinntí na n-Oifigeach Achomhairc

Is í an cuspóir agus na cásanna á roghnú le bheith curtha san áireamh sa rannóg seo den tuarascáil ná chun an próiseas trína shocraítear achomhairc a shoiléiriú, cibé trí chinneadh achoimre nó ina dhiaidh éisteacht bhéil. Tá bunús do chinntí na n-0ifigeach Achomhairc i ngach cás imlínte, mar atá ceisteanna a ardaíodh maidir le foráil reachtaíochta reatha nó do na riachtanais de cheartas nádúrtha agus nósanna imeachta cothroma.

Pinsean Seanaoise (Neamh-Ranníocach)

Ceist faoi chaibidil: Tharla sé go ndearnadh measúnú ar choigiltis mar 'chaipiteal gan tuairisc' i ndiaidh báis pinsinéara, as a dtáinig ró-íocaíocht de €34,000 leis agus a d'iarraidh an Roinn Gnóthaí Sóisialaigh agus Teaghlaigh a fháil ar ais óna eastát.

Cúlra: Bhí an pinsinéir 93 bliain d'aois nuair a fuair sé bás. Bronnadh an ráta pinsin is airde air i 1976 chomh maith le liúntas do chónaí aonair i 1997. Nuair a fuair sé bás i 2003, chuaigh aturnaetha i dteagmháil leis an Roinn maidir le riaradh a eastáit. Tar éis comhfhreagras mionsonraithe idir an seiceadóir (nia an phinsinéara), na haturnaetha sa chás agus an t-Oifigeach Cinnidh, rinneadh cinneadh athbhreithnithe maidir le teidlíocht an phinsinéara, nach maireann. Chinn an t-Oifigeach Cinnidh go ndearnadh ró-íocaíocht pinsin de €34,000 ar bhunús 'caipitil gan tuairisc'.

Éisteacht Bhéil: Bhí gaol in éineacht leis an achomharcóir(nia an phinsinéara mhairbh agus a sheiceadóir) ag an éisteacht bhéil. D'fhreastail an t-Oifigeach Cinnidh agus an Cigire Leasa Shóisialaigh ar iarratas an Oifigigh Achomhairc. Bhí bainisteoir ó Oifig na Seirbhísí Pinsean na Roinne i láthair, le comhaontú an Oifigigh Achomharc agus an achomharcóra.

Thug an t-achomharcóir breac-chuntas ar chúlra teaghlaigh agus ar chás bocht an phinsinéara nach maireann agus gur chuir sé sin leis an gcaighdeán oideachais íseal agus an easpa scileanna litearthachta a bhí aige. Dhearbhaigh sé gur chabhraigh sé féin leis le cúrsaí airgeadais i gcónaí agus go raibh eolas pearsanta aige ar na cúrsaí sin le cionn is 40 bliain anuas. Dúirt sé go ndearnadh é seo ar bhealach oscailte trédhearcach, gan eolas ar bith ann go mbeadh impleachtaí ag baint leis na coigiltis pinsin a bhí aige, ina dhiaidh sin.

Agus é ag cur in aghaidh mhéad na ró-íocaíochta a luaigh an t-Oifigeach Cinnidh, rinne an t-achomharcóir tagairt ar leith don tréimhse a chaith a uncail, nach maireann, i dteach altranais i gcúram an Bhoird Sláinte áitiúil. Luaigh sé gur choinnigh údaráis an Bhoird Sláinte a leabhar pinsin ag an am, cleachtas a beartaíodh a bheith mídhleachtach ó shin.

Léigh an t-achomharcóir ó aighneacht scríofa agus labhair sé go fada faoi phointí áirithe. Mhaígh sé go raibh easpa trédhearcachta i gceist maidir leis na forálacha reachtúla a úsáideadh sa chás ina choinne. Mhaígh sé ach go háirithe, nár chuir an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, an áisíneacht a raibh freagracht orthu as eolas a chur ar fáil do na saoránaigh, nár chuir sí eolas ar fáil faoi na rialacha a bhí i gceist. Luaigh sé prionsabail na comhréireachta agus na cothromaíochta os comhair an dlí agus mhaígh sé go mba cheart céimeanna a leanúint chun maolú a dhéanamh ar an éifeacht a bheadh ann do na saoránaigh, i gcás go raibh cóireáil éagórach shoiléir mar thoradh ar chloí dian leis an dlí.

Dhearbhaigh an t-achomharcóir go raibh claonadh riarthach i gceist agus an cás á phlé. Luaigh sé ráiteas a rinne an Roinn chuig Comhchoiste an Oireachtais i mBealtaine 2005[1] maidir leis an bpolasaí atá acu faoi ró-íocaíochtaí i gcásanna mar seo. Tá sé luaite go bhfuil sé mar pholasaí ag an Roinn cur chuige solúbtha a chur i bhfeidhm, chun costais sochraide agus dlíthiúla a thiteann ar an eastát, a chur san áireamh. Mhaígh sé nach raibh a leithéid de sholúbthacht le sonrú i gcás a uncail, nach maireann. Thug sé breac-chuntas ar stíl bheatha shimplí a uncail agus é ina chónaí i dteach dhá sheomra gan uisce reatha agus gan ach tine mhóna mar theas. Mar chríoch, dúirt an t-achomharcóir nach raibh aon choir déanta ag a uncail d'aon ghnó agus rinne sé iarracht an ró-íocaíocht a chur ar ceal.

Mar fhreagra, dúirt bainisteoir Oifige na Seirbhísí Pinsean gur féidir measúnú a dhéanamh ar choigiltis d'aidhmeanna pinsin agus gur féidir coigiltis dá leithéid a bheith ag teacht ó fhoinsí éagsúla. Mhaígh sé go raibh sé leagtha amach go soiléir san fhoirm iarratais a líon an pinsinéir, nach maireann, amach i 1976 go raibh tábhacht ag baint le hioncam airgid thirim agus le sealúchas ó thaobh na bpinsean de. Dúirt sé chomh maith go raibh sé luaite i nuachtlitir a d'fhoilsigh an Roinn i 1999, go raibh dualgas dlíthiúil ann fógra a thabhairt faoi mhéadú ioncaim. Dúirt an t-achomharcóir ansin mar fhreagra, go raibh an Roinn ag cur na ndaoine a bhfuil airgead ceilte acu agus iad siúd a choiglíonn airgead ón bpinsean ach nach gceapann go bhfuil níos mó airgid acu, le chéile sa chatagóir céanna. Mhaígh sé gur chuir an polasaí seo leis an nós atá ag seandaoine airgead a chur i bhfolach i mboscaí bróg agus faoin tocht.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thóg an t-Oifigeach Achomhairc nóta den tagairt a rinne an t-achomharcóir do ráiteas na Roinne chuig Comhchoiste an Oireachtais. D'aimsigh sé nach raibh aon fhianaise ann go ndearnadh machnamh sa chás seo faoi chostais sochraide agus dhlíthiúla. Thóg sé san áireamh go ndúirt an t-achomharcóir go raibh deacrachtaí aige an t-eolas cuí a fháil, a léireodh go soiléir go ndéanfaí measúnú ar choigiltis pinsin mar mhaoin. Cé gur ghlac sé le pointe na Roinne nach ndéanann an reachtaíocht aon idirdhealú idir na cineálacha caipitil a ndéantar measúnú orthu agus go bhféadfadh coigiltis teacht ó fhoinsí éagsúla, thóg sé dearbhú

1 Comhchoiste ar Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. 17 Bealtaine, 2005. Ró-íocaíochtaí Pinsin

an achomharcóra san áireamh, gur tháinig coigiltis an phinsinéara, nach maireann, ón bpinsean amháin. Luaigh sé pointe an achomharcóra, nár dhuine liteartha é a uncail agus gur dhuine easlán é agus nár tháinig aon oifigeach ón Roinn ar cuairt chuige sa tréimhse idir Eanáir 1977 agus Iúil 2003.

Maidir le dearbhú an achomharcóra i leith na comhréireachta agus an chomhionannais, rinne an t-Oifigeach Achomhairc scrúdú ar na forálacha reachtúla faoina ndearnadh an cinneadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an teidlíocht (Alt 249(b) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 1993). Rinne sé tagairt, go háirithe, ar an bhforáil a shainíonn go mba cheart, sa chás go dtagann fianaise nua chun cinn, cinneadh nua a bheith déanta maidir leis an bhfianaise sin, bunaithe ar na fíricí nua 'agus ar chúinsí an cháis'. Ní bhfuair sé aon tagairt shuntasach ón Oifigeach Cinnidh d'aighneachtaí an achomharcóra, maidir le cúinsí speisialta an cháis.

Scrúdaigh an t-Oifigeach Achomhairc an cheist a bhí curtha ag an Oifigeach Cinnidh chomh maith, is é sin má bhí an caipiteal mar choigiltis pinsin amháin nó má bhí foinsí éagsúla leis. Thug sé faoi deara gurb é croí-lár an achomhairc ná gur choigil uncail marbh an achomharcóra a phinsean. Rinne an t-achomharcóir an argóint go ndearnadh é seo d'fhonn foráil éigin a dhéanamh dá chúram nuair a bhí sé an-aosta agus ionas go mbainfeadh a dheirfiúr leas as an airgead nuair a gheobhadh sé bás. Ar an iomlán, ghlac an t-Oifigeach Achomhairc le creideamh docht an achomharcóra, is é sin go bhféadfaí glacadh leis mar fhíric, go raibh an pinsean mar fhoinse na gcoigilteas. Tar éis dó an fhianaise go léir a mheas, chinn sé go raibh an cinneadh bunaithe go príomha agus go hiomlán ar aimsiú na bhfíricí nua. Fuair sé nach raibh aon fhianaise ann go ndearnadh measúnú ar chúinsí an cháis. Bhí sé sásta go gcaithfí machnamh a dhéanamh faoi fhoinse na gcoigilteas agus faoin bhfáth a ndearnadh na coigiltis, chomh maith le cúinsí an cháis. Mheas sé gur suntasach an rud é gur bronnadh achar talún ar chomharsa an phinsinéara mhairbh, a chuir breosla ar fáil dó agus go raibh se mar chuspóir aige caipiteal a bhronnadh ar a dheirfiúr, a thug aire dó, ón eastát Chríochnaigh sé maidir le na ceisteanna a d'ardaíodh go raibh forais an-réasúnta, le haird ar na fíricí nua agus ar chúinsí an cháis, gur chóir go dtiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm ó dháta báis an phinsinéara nach maireann, leis an éifeacht nach mbeadh an ró-íocaíocht inaisíoctha.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Pinsean (Baintrí) Marthanóra

Ceist faoi chaibidil: An cinneadh chun éileamh an achomharcóra ar Phinsean (Ranníocaíoch) Baintrí a dhiúltú ar an bhforas nach breathnaíodh uirthi mar bhean chéile dleathach an duine a bhí scartha sa Ríocht Aontaithe sula phósadar.

Cúlra: Bhí an t-achomharcóir ina seascaidí agus bhí sí ag obair ar bhonn páirt-aimseartha. D'éiligh sí Pinsean (Ranníocaíoch) Baintrí i 2003 ach diúltaíodh a éileamh ar an bhforas nach breathnaíodh uirthi mar bhean chéile dleathach *(an duine ainmnithe)*, trócaire air, faoi fhorálacha na reachtaíochta Éireannaigh.

Éisteacht Bhéil: Ní raibh an t-achomharcóir in ann freastal ar an éisteacht bhéil agus thug sí isteach fianaise leighis chun é sin a léiriú. Bhí aturnae ag gníomhú ar a son i láthair. D'fhreastail an tOifigeach Cinnidh ar iarratas an Oifigigh Achomhairc.

D'imlínigh an tOifigeach Cinnidh a cúiseanna dá cinneadh. Shainigh sí go raibh *(an duine ainmnithe)*, trócaire air, pósta roimhe sin. Dúirt sí go raibh colscaradh tugtha dó sa Ríocht Aontaithe i Meitheamh 1975 agus go raibh a bhean chéile ag an am sin, lonnaithe in Éirinn ag an am ina cuireadh tús le na himeachtaí colscartha. Phós sé an t-achomharcóir sa Ríocht Aontaithe, níos déanaí sa bhliain sin. Rinne an t-Oifigeach Cinnidh tagairt don Acht um Shainchónaí agus Aithint Colscarthaí Coigríche, 1986, faoina aithnítear colscaradh sa stát seo amháin má raibh duine de na páirtithe sa phósadh ina cónaí sa tír ina cuireadh tús le himeachtaí an cholscartha. Dúirt sí, bunaithe ar thaifid árachais shóisialaigh atá ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, go raibh *(an duine ainmnithe)*, trócaire air, i bhfostaíocht inárachais agus ina chónaí in Éirinn ag an am a chuireadh tús le himeachtaí an cholscartha, agus go raibh a chéad bhean ina cónaí in Éirinn freisin.. Rinne sí tagairt do Rialachán AE 1347/00[2] a déileálann leis an aitheantas de cholscarthaí. Shainigh sí gur tháinig sé i bhfeidhm ar 1 Márta 2001 agus nár bhain sé le colscarthaí faighte roimh an dáta sin.

Dúirt aturnae an achomharcóra go raibh deacracht mór aici i nglacadh leis an gcaoi go raibh ceisteanna á gcur faoi bhailíocht an phósta, i ndiaidh beagnach tríocha bhliain de phósadh. Rinne sé an argóint go raibh mná, in ainneoin an Rialacháin AE, i staid cosúil le cheann an achomharcóra, i suíomh den chineál liombó nuair a bhí teidlíocht ar Phinsean Baintrí i gceist.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Rinne an tOifigeach Achomhairc tagairt d'Alt 5 den Acht um Shainchónaí agus Aithint Colscarthaí Coigríche, 1986, a deireann go gcaithfidh duine den chomhluadar colscartha a bheith lonnaithe sa tír atá ag tabhairt an cholscartha. Thug sé faoi deara nár cuireadh isteach aon fhianaise chun a léiriú go raibh *(an duine ainmnithe)*, trócaire air, nó a chéad bhean lonnaithe sa Ríocht Aontaithe. Bhí sé den tuairim nár léirigh an chaoi gur fuair *(an duine ainmnithe)*, trócaire air, an colscaradh sa Ríocht Aontaithe go raibh sé lonnaithe ann. Bhain sé as seo nach raibh aon fhianaise a léirigh go raibh sé no a chéad bhean lonnaithe ann ar feadh aon fhad ama. Thug sé faoi deara an tagairt a rinneadh san aighneas achomhairc scríofa ar Rialachán AE 1347/00 ach bhain sé as seo, mar a bhí léirithe ag an éisteacht bhéil, nár bhain forálacha an Rialacháin ach amháin le himeachtaí a tharla i ndiaidh 1 Márta, 2001. Bhain sé as seo nach raibh sé bainteach, mar sin, agus machnamh á dhéanamh ar an gcás seo. Mar thoradh, agus tar éis an fhianaise go léir a chur san áireamh, ní raibh sé sásta go d'fhéadfadh an t-achomharcóir a bheith measta mar an bhean chéile dleathach den *(duine ainmnithe)*, trócaire air, agus bhain sé as seo nach raibh sí i dteideal, mar sin, do Phinsean (Ranníocaíoch) Baintrí.

Toradh: Achomharc neamhcheadaithe.

2 Rialachán Comhairle (AE) Uimhir 1347/00 de 29 Bealtaine 2000

Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora

Ceist faoi chaibidil: An cinneadh chun teidlíocht an achomharcóra d'íocaíocht ó dáta i 1998 a leasú agus chun íocaíocht a chríochnú le héifeacht ó dáta i 1999, ar an bhforas go raibh tuilleamh seachtainiúla thar an teorainn reachtúil aici. Mar thoradh, measúnaíodh ar ró-íocaíocht de €28,000.

Cúlra: Bhí an t-achomharcóir i bhfáltas Liúntais Tuismitheora Aonair (Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora ina dhiaidh sin) ó 1992. Thosaigh sí ag obair i 1996. I 2004, rinneadh athbhreithniú ar a dteidlíocht maidir le sonraí tuillimh a bhí ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Ar an mbonn seo, beartaíodh go raibh sí i dteideal íocaíochta ag ráta níos ísle do thréimhse idir 1998 agus 1999, agus nach raibh sí i dteideal le héifeacht ó dháta i 1999. Mar thoradh, measúnaíodh ar ró-íocaíocht de €28,000.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastal an t-achomharcóir, in éineacht le gaol, agus d'fhreastal an tOifigeach Cinnidh ar iarratais an tOifigeach Achomhairc.

Dúirt an tOifigeach Cinnidh nach raibh aon theidlíocht ag an achomharcóir le héifeacht ón dáta ainmnithe mar chuaigh a tuilleamh thar an teorainn de 12,000 in aghaidh na bliana[3]. Mhaígh sí go raibh dualgas ar an achomharcóir aon mhéadú maoine a chur in iúl agus dúirt sí gur eisíodh fógra ar sin i 1997, le chomhairle den chineál céanna clóbhuailte ar na leabhair um ord iníoctha go léir. Dúirt sí gur athraigh fostaíocht an achomharcóra i 1999, le tuilleamh i bhfad níos airde, agus ba cheart gur spreag an eachtra seo í dul i dteagmháil leis an Roinn. Chuir an tOifigeach Cinnidh an argóint i gcion nach raibh calaois líomhanta ach go raibh an ró-íocaíocht mar thoradh de neamh-theidlíocht agus go raibh sé de dhualgas na Roinne saothrú a lorg.

Rinne gaol an achomharcóra an argóint, ar a son, gur tharla an ró-íocaíocht de bharr teipe ag an Roinn chun taifid ioncaim a chomhghaolú le taifid íocaíochta. Thug sé faoi deara gur rinneadh é seo i dteacht chun cinnidh chun an ró-íocaíocht a mheas agus rinne sé an argóint gur chóir dó a bheith déanta i bhfad níos luaithe nuair ba chóir go mbeadh malartuithe éagsúla idir an t-achomharcóir agus an Roinn ina fhógraí den shuíomh. Rinne sé an argóint nach raibh tuiscint iomláin ag an achomharcóir faoin bpróiseas a bhí i gceist agus go raibh sé míréasúnta, mar sin, a bheith ag súil go gcloífeadh sí le na rialacháin athraitheacha. Mhaígh sé go raibh súil dlisteanach ag an achomharcóir go leanfadh an Roinn ar aghaidh ag breathnú agus ag rialú a teidlíocht, mar a bhí an cás ó thús.

Dúirt an t-achomharcóir gur fhógair sí an Roinn agus an t-Aonad Sláinte áitiúil nuair a thosaigh sí ag obair i 1996. Thuairiscigh sí gur laghdaíodh a íocaíocht ansin agus gur chaill sí a forlíonadh cíosa agus cárta leighis i ndiaidh sin, tar éis dul go post le híocaíocht níos fearr i 1999. Dúirt sí go raibh sí i dteagmháil leis an Roinn i 2001 nuair a rinne sí iarratas ar thithíocht an údaráis áitiúil faoin scéim úinéireachta roinnte. Ghlac an tOifigeach Cinnidh gur chuaigh an t-achomharcóir i dteagmháil leis an Roinn i 2001 ach níor ghlac sí gur chomhlíon sé seo a dualgas tuilleamh méadaithe a chur in iúl. D'admhaigh sí nach raibh an teorainn tuillimh luaite in aon comhfhreagras ach mhaígh sí gur chóir don achomharcóir an Roinn a chomhairliú faoin ardú suntasach ina tuilleamh mar bhí sí i bhfáltas íocaíochta ar bhonn tástála maoine. Mar fhreagra, rinne an t-achomharcóir an argóint gur thuig sí go raibh an Roinn ag breathnú ar a tuilleamh mar bhí Árachas Sóisialta Pá Coibhneasta (ÁSPC) á íoc aici.

Rinneadh an argóint ar son an achomharcóra gur chóir go mbeadh cloí le na rialacháin níos éasca don achomharcóir agus go mba chóir go mbeadh cosaint curtha in áit chun ró-íocaíocht chomh mhór dá leithéid a chosc. Níor ghlac an tOifigeach Cinnidh leis an argóint seo, ag léiriú ruda a chuir sí síos air mar 'chonradh' ar a chuaigh an t-achomharcóir isteach ann nuair a rinne sí iarratas ar dtús ar íocaíocht mar thuismitheoir aonair, ag déanamh an argóint gur gheall an t-achomharcóir aon athrú ina maoine a chur in iúl don Roinn.

Mar chríoch, dúradh ar son an achomharcóra go raibh an dualgas ar ranna éagsúla den Roinn eolas bainteach a mhalartú. Dúirt an t-achomharcóir gur chreid sí go raibh nochtadh iomláin dá maoine déanta aici agus, ar aon chaoi, nach raibh sí in ann an méid measúnaithe mar ró-íocaíocht a aisíoc.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Bhí an tOifigeach Achomhairc den tuairim go raibh freagracht ag an achomharcóir méadú ina tuilleamh a fhógairt agus thug sé faoi deara, go háirithe, an t-athrú i bhfostaíocht as a dtáinig ardú suntasach i dtuilleamh. Rinne sé tagairt d'aidhm na teorann tuillimh a bheith mar cheann a bhí leagtha amach chun an tástáil maoine a laghdú agus chun feidhmiú mar sin, mar spreagadh do thuismitheoirí aonaracha chun dul isteach arís sa lucht oibre. Thug sé faoi deara gur theip an chomhfhreagras a bhí eisithe don achomharcóir i bhFeabhra 1997, an tabhairt isteach de theorainn tuillimh a lua agus gur bhreathnaigh sé ar seo mar fhaillí mhór. Mheas sé go raibh sé míréasúnta iarracht a dhéanamh chun an t-achomharcóir a choimeád le téarmaí an 'chonartha' nuair a bhí téarmaí an chonartha dá leithéid athraithe gan fhios di.

Bhain an tOifigeach Achomhairc as seo, nach mbeadh an teip sa chás seo chun cloí le na forálacha reachtúla a bheith measta ach amháin maidir leis an tástáil maoine a leagadh amach sa Tríú Sceidil den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993. Rinne sé tagairt do Bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí le déanaí i gcás an Bhille (Leasú) Sláinte (Uimhir 2), 2004, maidir le táillí tí altranais, inar thug an Chúirt rabhadh i gcoinne forálacha cúlghabhálacha a chur i bhfeidhm. Cheap sé gur chuir sé seo cosc air féachaint ar an gcás faoi Alt 158 (3), mar a rinne an tOifigeach Cinnidh, ar an mbonn nach cuireadh an t-achomharcóir in iúl faoin tabhairt isteach de theorann tuillimh faoin alt sin

Bhí sé den tuairim go mba chóir go mbeadh impleachtaí de ró-íocaíocht chomh mór sin don achomharcóir tógtha faoi deara, a bhí de mhaoine measartha, agus gur chóir go mbeadh foirceadal comhréireachta i bhfeidhm. Bhí sé sásta gur glacadh féaráilte é an ceann a bhí ag an achomharcóir go leanfadh an Roinn ar aghaidh ag breathnú ar a teidlíocht mar a bhí déanta aige ar dtús. Cheap sé gur súil chomh réasúnta é go dúradh an Roinn

3 Bhí teorainn ioncaim bhliantúil de 12,000 i bhfeidhm faoi fhorálacha Ailt 158 (3) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993. Leasaíodh é seo go méid seachtainiúil (£230.76 nó ?293.00) in Alt 31 den Acht Leasa Shóisialaigh, 1999.

don achomharcóir faoin dteorainn tuillimh a cuireadh in áit. Rinne sé tagairt arís don Bhreithiúnas ar tháillí tí altranais agus thug sé an ráiteas seo a leanas faoi deara. "Caithfidh maoin na ndaoine de mhaoine measartha, a bheith toilteanach le haird áirithe, de réir na prionsabail sin [de cheartas sóisialta, geallta faoin mBunreacht], toisc go mbeidh aon laghdú de cearta na ndaoine dá leithéid i gcomhréir níos crua ina éifeachtaí de ghnáth" – Murray C.J. [2005] IESC 7. Níor cheap an tOifigeach Cinnidh go raibh sé sábháilte forálacha an Ailt 158 (3) (an teorann tuillimh) a chur i bhfeidhm toisc go raibh sé sásta nach raibh an t-achomharcóir meabhrach den reachtaíocht agus gur theip an Roinn í a chur ar chomhairle faoi na coinníollacha reachtúla ag rialú teidlíochta.

Cheap an tOifigeach Achomhairc nach raibh an t-achomharcóir gan dualgas an Roinn a fhógairt den mhéadú suntasach ina tuilleamh i 1999 ach ghlac sí, mar a cuireadh isteach, go raibh dualgas ag an Roinn gníomhú agus athbhreithniú a dhéanamh ar theidlíocht nuair a bhí fhios aige faoin méadú ina maoine. Ghlac sé an tuairim go raibh an Roinn meabhrach i bhFeabhra 2001 nuair a chuaigh an t-achomharcóir i dteagmháil agus chuardaigh sí tuarascáil den íocaíocht a bhí á thabhairt di. Thug sé faoi deara gur cuireadh an Roinn ar an eolas arís dá tuilleamh i 2002 nuair a rinne sí iarratas ar Shocair Mhíchumais, íocaíocht atá stiúrtha ag admháil Íocaíochta Aontuismitheora. Bhain sé as seo gur theip an t-achomharcóir ina dualgas chun an Roinn a fhógairt faoin méadú ina maoine ar feadh tréimhse idir Aibreáin 1998 agus Feabhra 2001. Bhí sé sásta go mbeadh sé in ann measúnú i gcóir ró-íocaíocht don tréimhse sin amháin a thabhairt, agus maidir le na forálacha leasa shóisialacha a rialaíonn maoine. Thug sé faoi deara go laghdódh éifeacht an chinnidh seo méid na ró-íocaíochta go suntasach, go leibhéal a mheas sé le bheith inbhuanaithe, ag cur prionsabail de nós imeachta féaráilte agus ceartas nádúrtha a chur i bhfeidhm.

Toradh: Achomharc ceadaithe i bpáirt.

Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora

Ceist faoi chaibidil: Comh-chónaí.

Cúlra: Rinneadh athscrúdú ar theidlíocht an achomharcóra mar thoradh ar thuairisc nuachtáin i dtaobh caingean sibhialta a thóg sí i gcoinne a hiar-pháirtí ag lorg gnáthscair de teach a bhí á roinnt acu. Tar éis fiosrúcháin, rinneadh cinneadh athraithe i dtaobh a teidlíocht chun íocaíochta sa tréimhse idir 1982 agus 1999. Tháinig an Oifigeach Cinnidh ar an gcinneadh nach raibh sí i dteideal íocaíochta sa tréimhse a bhí i gceist toisc bheith ag comhchónaí. Beartaíodh go raibh ró-íocaíocht de €78,000 i gceist.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastail an t-achomharcóir, in éineacht lena hiníon. Rinne aturnae agus abhcóide ionadaíocht ar a son. D'fhreastail an dá Oifigeach Leasa Shóisialaigh bainteach leis an gcás, ar iarratas an Oifigigh Achomhairc, agus d'fhreastail an tOifigeach Cinnidh chomh maith.

Rinne an tOifigeach Achomhairc cur síos ar an gceist a bhí faoi chaibidil agus rinne tagairt do litir a aturnae, scríofa ar son an achomharcóra. Thug sé le fios nár cuireadh aon chúis achomhairc ar leith ar aghaidh agus mhínigh sé go raibh dualgas reachtúil ann a leithéid de chúise achomhairc a thabhairt go hachomair toisc go raibh ar an Oifigeach Cinnidh trácht a dhéanamh ar argóintí an achomharcóra sula gcuirfí cás faoi bhráid an Phríomh-Oifigigh Achomhairc. Ghabh ionadaithe dlí an achomharcóra leithscéal ina thaobh seo. Thug an tOifigeach Achomhairc le fios go raibh sé tar éis an cinneadh a thógáil gan glao ar an duine a bhí luaite mar bheith in aontíos leis an achomharcóir mar fhinné toisc gur teastaigh uaidh aon imreas a sheachaint. Thug sé faoi deara go raibh ráiteas a rinne an duine sin leis an Cigire Leasa Shóisialaigh ar chomhad an achomharcóra, agus thug le fios go ndéanfaí tagairt dó i rith na héisteachta, mar ba chuí.

Thug an Cigire Leasa Shóisialaigh sonraí achomair dá fiosrúchán den chás. Rinne sí tagairt don dá ráiteas faoi rabhadh a rinne an t-achomharcóir, mar a bhí sna cáipéisí a bhí ar comhad. Thug sí le fios go raibh sí tar éis cuir i leith an achomharcóra go raibh ráitis bhréagacha déanta aici chun íocaíocht leasa shóisialaigh a fháil toisc go raibh sí féin agus *(duine ainmnithe)* ina gcónaí lena chéile mar fhear agus bhean céile. Thug an Cigire Leas Shóisialaigh le fios go raibh an t-achomharcóir, mar fhreagra ar seo, tar éis ráiteas a thabhairt ina rinne sí tagairt do dheacrachtaí a bhí aici maidir le mí-úsáid dí, drugaí agus fadhbanna cearrbhachais a bhí ag an duine a bhí faoi chaibidil. Thug sí le fios go raibh sé séanta ag an achomharcóir go raibh caidreamh cheart riamh aici leis an duine i gceist agus dúirt sí léi nach raibh faic eatarthu ach tigh a bheith á roinnt acu, toisc nach raibh aon rud eile ar fáil. Dúirt sí go ndúirt an t-achomharcóir go ndearna sí a dícheall, sna cúinsí ar fad, ar son a n-iníon.

Rinne abhcóide an achomharcóra iarracht sonraí na n-agallamh faoi rabhadh a shoiléiriú. D'fhiafraigh sé an raibh an t-achomharcóir ceistithe maidir leis na pointí sna treoirlínte[4] i dtaobh comh-cónaí, lena n-áirítear cúrsaí airgeadais; cónaí in aontíos; caidreamh colaí; dualgais tí; úinéireacht mhaoine; socruithe don leanbh a chothabháil; cibé an raibh an caidreamh socair, agus an raibh aithne ar an mbeirt a bhí i gceist mar lánúin. Mar fhreagra, dúirt an Cigire go raibh sonraí na ráiteas faoi rabhadh mar a bhí curtha síos go hachomair na cáipéisí a bhí ar chomhad. Ghéill sí nach raibh sí tar éis plé go sonrach leis na critéir iomlána a bhí sna Treoirlínte maidir le cónaí in aontíos a mheas ach dhearbhaigh sí go raibh sí tar éis plé leis na ceisteanna móra, maidir le cónaí in aontíos agus le húinéireacht na maoine ar fad ina raibh cónaí ar an achomharcóir agus *(duine ainmnithe)*.

Thug abhcóide an achomharcóra le fios gur caidreamh an-mhíshocair a bhí faoi chaibidil. Rinne sé an argóint, cé gur admhaigh sé go raibh comhchónaí i gceist i dtréimhsí áirithe i 1987, 1996 agus 1998, gur comh-chónaitheoir a bhí san achomharcóir go bunúsach le socraithe cónaithe agus codlata scartha sna tithe agus árasáin éagsúla ina raibh cónaí uirthi féin agus *(duine ainmnithe)* le linn na mblianta sin. Thug sé le fios nach raibh aon sealúchas ina seilbh sa tréimhse 1982 go 1999. D'áitigh sé go raibh eolas tugtha ag an t-achomharcóir go deonach sa Chúirt faoina íocaíocht leasa shóisialaigh. Thug an

4 Treoirlínte Inmheánacha na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, le fáil ar **www.welfare.ie**.

t-achomharcóir le fios go raibh sí tar éis ordú urchoisc a lorg i 1998/99 ach diúltóidh í, toisc nach raibh a hainm ar ghníomhais an tí. Thug sí le fios, áfach, gur ceadaíodh ordú cosanta di.

Rinne an tOifigeach Cinnidh tagairt don easpa fhorais achomhairc, agus rinne sí an argóint gur chur sé seo í faoi mhíbhuntáiste. Dúirt sí gur cheap sí go raibh cás difriúil curtha i láthair aici san éisteacht bhéil ná mar a bhí curtha i láthair na Cúirte aici. Rinne sí tagairt do na Treoirlínte um chomhchónaí agus dúirt nach raibh sí, agus í ag teacht ar chinneadh, tar éis braith go hiomlán ar phríomhphointe an chomhchónaí. Dúirt sí go raibh sí tar éis cúpla fachtóir a chur san áireamh, na ráitis faoi rabhadh a thug sí don chigire, sonraí faoin gcaingean Cúirte a thóg an t-achomharcóir i gcoinne a hiar-pháirtí, ina measc, agus, sa chomhthéacs sin, a fianaise tiomanta go raibh sí tar éis an Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora a tharraingt i rith na tréimhse a bhí i gceist. Ina thaobh seo, rinne sí tagairt d'admháil an achomharcóra go raibh sí in aontíos agus admháil chomh-chónaí a thug (Duine Ainmnithe). Dúirt sí go raibh sí tar éis ráitis an achomharcóra sa Chúirt maidir le maoin roinnte agus ranníocaíochtaí do bhillí an tí, mar aon le hairgead a thug a tuismitheoirí di i dtaobh tí áirithe a cheannach agus a athchóiriú, a chur san áireamh chomh maith. Rinne sí an argóint go raibh caidreamh cruthaithe ann sa cháil go raibh iníon ag an mbeirt. Thug sí le fios go raibh a seoladh athraithe ag an achomharcóir iliomad uair agus nach raibh sí tar éis é seo a chur in iúl don Roinn, rud a bhí de dhíth chun íocaíochtaí leanúnacha a chinntiú. Thug sí le fios go raibh deacrachtaí ann éileamh an achomharcóra a athbhreithniú, toisc go raibh sé deacair leacht uirthi. Mar chríoch, dúirt sí go raibh an Chúirt tar éis glacadh leis go raibh an t-achomharcóir tar éis a bheith i gcónaí in aontíos agus go raibh comhleas aici sna sealúchais éagsúla a bhí faoi chaibidil sa chás.

Mar fhreagra, thug an t-abhcóide le fios go raibh tagairt déanta ag an Oifigeach Cinnidh d'imeachtaí cúirte agus fianaise faoi mhionn, mar a bhí tuairiscithe sna nuachtáin. Rinne sé an argóint nach rinne tuairiscí mar seo cur síos cheart ar cad a tharla go beacht agus gur cheart iarracht a bheith déanta athscríbhinní na n-éisteachtaí Cúirte a lorg; mura raibh a leithéid seo ar fáil, ba cheart go mbeadh teagmháil déanta leis na aturnaetha ón dá thaobh chun a nótaí den méid a tharla a fháil. Dúirt an tOifigeach Cinnidh go raibh sí tar éis na hathscríbhinní a lorg, agus nár éirigh léi. Dúirt sí nach ar thuairiscí sna nuachtáin amháin a tháinig sí ar chinneadh ach go raibh sí tar éis ráitis faoi rabhadh a tugadh do na Cigirí Leasa Shóisialaigh agus na gnéithe eile dá bhfiosrúchán den chás a chur sa áireamh. Thug sí le fios gur cheap sí go raibh sé ábhartha nach raibh ceachtar páirtí tar éis na tuairiscí sna nuachtáin a shéanadh agus iad faoi agallamh ag Cigirí Leasa Shóisialaigh. Rinne an t-abhcóide an argóint nach ionainn na ráitis a thug an t-achomharcóir agus a hiar-pháirtí, agus spairn sé nach raibh an Chúirt tar éis glacadh le fianaise (duine ainmnithe) mar fhianaise inchreidte. Rinne sé an argóint go raibh an caingean Cúirte ag plé leis an gceist de leas tairbhiúil an achomharcóra sna sealúchais éagsúla a bhí i gceist i rith na mblianta, agus nach ionainn na himeachtaí agus na teisteanna a úsáideadh agus iad siúd a úsáideadh chun cónaí in aontíos a bhunú. Mar chríoch, dúirt sé go raibh an t-achomharcóir, cé gur admhaigh sí comh-chónaí, tar éis cónaí in aontíos a shéanadh.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach le fios gur éisteach fhada, mhionchruinn a bhí ann, a rinne plé ar shaincheisteanna casta. I bhfoirceannadh mionchruinn (arna achoimriú anseo), mheas sé spairní an Oifigigh Chinnidh mar thaca lena bhreithniú, sonraí an fhiosrúcháin léirithe ag na Cigirí Leasa Shóisialaigh, argóintí abhcóide an achomharcóra, agus fianaise an achomharcóra féin, chomh maith le fianaise cháipéise sa chás. Ghlac sé leis go raibh sé cruthaithe gur caidreamh míshocair a bhí idir an t-achomharcóir agus a hiar-pháirtí. Rinne sé dianscrúdú ar an gceist de na Cigirí Leasa Shóisialaigh agus an Oifigeach Cinnidh a bheith tar éis tuairiscí nuachtáin a úsáid, agus tháinig sé ar an gcinneadh go raibh an cheart sin acu. Bhí sé sásta nár chlaon na tuairiscí cinneadh an Oifigigh Chinnidh in aon tslí. Bhreathnaigh sé go raibh sé sásta, cé go ma b'fhéidir go mbeadh sé níos cuí dá mbeadh an Roinn Gnóthaí Sóisialach agus Teaghlaigh tar éis plé le gach gné dá treoirlínte féin, go mbeadh a lán den chritéir a úsáidtear chun cónaí aontíos a chruthú oiriúnach do chomh-chónaí. Ina thaobh seo, bhí se sásta go raibh a dhóthain fianaise ann chun go bhféadfadh sé glacadh leis go raibh an t-achomharcóir i gcónaí in aontíos sa tréimhse a bhí i gceist. Bhí sé sásta, de bharr méid an fhianaise, go raibh an t-achomharcóir agus (duine ainmnithe) in gcónaí lena chéile mar fhear agus bhean céile sa tréimhse 1982 go dtí 1999.

Toradh: Achomharc neamhcheadaithe.

Cúnamh Feirme

Ceist faoi chaibidil: Measúnú ar acmhainn díorthaithe ó bhrabús bliantúil de ghabháltas.

Cúlra: Bhí an t-achomharcóir i bhfáltas íocaíocht Chúnaimh Fheirme. Tar éis athbhreithnithe, measadh go raibh acmhainn de €168 sa tseachtain aige díorthaithe ó bhrabús bliantúil (€12,700) ó ghabháltas. Íslíodh a íocaíocht ó €226 go €96 sa tseachtain mar thoradh ar an measúnú seo. Chuir an t-achomharcóir in aghaidh déine an íslithe seo .

Éisteacht Bhéil: D'fhreastal bean chéile an achomharcóra in éineacht leis agus d'fhreastal an Cigire Leasa Shóisialaigh ar iarratais an Oifigigh Achomhairc.

Rinne an Cigire Leasa Shóisialaigh cur síos achomair ar an tuairisc a rinne sí tar éis di fiosrúchán a dhéanamh ar acmhainní an achomharcóra. Níor tháinig an t-achomharcóir leis an líon beithíoch a bhí tuairiscithe aice agus thug sé le fios gur lena mhac leath na mbeithíoch ar an ngabháltas. Thug sé le fios go raibh a mhac, a bhí i mbun oibre le comhlacht tógála, tar éis 6½ acra a cheannach roinnt blianta ó shin ach nach raibh sé tar éis cur isteach ar a uimhir tréada féin. Thug an t-achomharcóir le fios go raibh timpeall 90 beithíoch acu eatarthu.Thug an t-achomharcóir le fios nach raibh a mhac tar éis an ghabháltas a fhógairt mar ioncam breise ar mhaithe le cúrsaí cánach. Cé nár áitigh an Cigire Leasa Shóisialaigh an phointe maidir leis an acraíocht a cheannaigh a mhac dár leis an achomharcóir, sheas sí leis go raibh an stoc ar fad faoi aon uimhir thréada amháin agus

gur leis an t-achomharcóir a íocadh na fóirdheontais agus na híocaíochtaí cinn. Cheistigh an tOifigeach Achomhairc an t-achomharcóir faoi conas mar a bheadh a mhac in ann, mar a bhí an chás dár leis, 40 beithíoch a choimeád ar 6½ acra. Mar fhreagra, dúirt an t-achomharcóir go raibh píosaí talún ar chíos ag a mhac.

Chinntigh an t-achomharcóir gur mar seo a leanas a bhí an stoc reatha iomlán: 16 bó; 8 ágh ionlao; 10 beithíoch baininne le bheith faoi laoi; 28 ainmhí bainte de dhúil; 27 ainmhí bliain go leith agus 17 uan. Dúirt sé nach raibh aon fháltais eile aige. Rinne sé tagairt d'aisíocaíochtaí ar iasachtaí ach thug an Cigire Leasa Shóisialaigh le fios go raibh ús bainc íoctha curtha san áireamh sa scrúdú acmhainne. Mar chríoch, thug an t-achomharcóir le fios go raibh a chárta leighis caillte aige, agus gur fhadhb a bhí anseo dó toisc go raibh leighis a chaithfeadh sé a úsáid ar bonn fadtéarmach.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go raibh stoc an achomharcóra tar éis méadú ón uair a chríochnaigh an Cigire Leasa Shóisialaigh a tuairisc. Thug sé faoi deara freisin gur mar aonad amháin a bhí feirmeoireacht á dhéanamh ar an ngabháltas, le huimhir thréada amháin agus gach deontas agus fóirdheontas íoctha leis an achomharcóir faoin uimhir sin. Thug sé le fios go mba cheart scaireanna sa ghabháltas a chomhroinn, ag tabhairt faoi deara dá gcuireadh mac an achomharcóra isteach ar íocaíocht leasa shóisialaigh tástála acmhainne do féin, mheasúnófaí scair den ghabháltas ina choinne. Níor ghlac an tOifigeach Achomhairc leis go raibh mac an achomharcóra tar éis a stoc a fhorbairt go ós cionn 40 beithíoch ó 6½ acra. Tháinig sé ar an gcinneadh nach raibh aon chúis nach bhfaigheadh mac an achomharcóra uimhir thréada dá chuid féin agus talamh ar chíos aige.

Bhreathnaigh an tOifigeach Achomhairc go raibh sé deacair luach an ghabháltais a chomhroinnt idir an t-achomharcóir agus a mhac. Thug sé faoi deara nár cuireadh talamh ar chíos san áireamh agus mar sin bheartaigh sé gurb é an modh ba chothromaí ná coibhneas ar bhonn an méid talún ina seilbh a úsáid, ag glacadh leis gur 6½ acra den 110 acra san iomlán a bhí ag mac an achomharcóra. Ar an mbonn seo, ríomh sé scair an achomharcóra ag €11,950 agus ceann a mhic ag €750. Rinne sé amach gur cheart laghdú de €750 a dhéanamh ar ghabháltas measúnaithe an achomharcóra. Dár réir sin, ríomh sé mar €11,950 scair an achomharcóra den ghabháltas (measúnaithe ag 70% de Chúnamh Feirme), chun go raibh acmhainn de €8,365 nó €161 sa tseachtain aige.

Toradh: Achomharc ceadaithe i bpáirt.

Liúntas Dílleachta (Ranníocach)

Ceist faoi chaibidil: An féidir an Liúntas Dílleachta (Ranníocach) a íoc leis an achomharcóir maidir lena gariníon.

Cúlra: Bhí leanbh ag mac an achomharcóra agus a iar-pháirtí, leanbh a mhair leis an achomharcóir ón uair a saolóidh í. Rinne an t-achomharcóir éileamh ar Liúntas Dílleachta nuair a bhí a gariníon 10 bliain d'aois. Diúltaíodh an éileamh sin de bharr go raibh máthair an linbh sásta an leanbh a thabhairt chun cónaí léi, toisc leanaí eile a bheith faoina cúram.

Éisteacht Bhéil: Bhí ionadaí ón Ionad Eolais do Shaoránaigh (IES) áitiúil in éineacht leis an achomharcóir ag an éisteacht bhéil. Bhí an Cigire Leasa Shóisialaigh i láthair ar iarratas an Oifigigh Achomhairc. Glaodh ar an gCigire Leasa Shóisialaigh bainteach leis an gcás, ach ní raibh an cigire in ann freastal.

D'éagmais an Chigire Leasa Shóisialaigh, léigh an tOifigeach Achomhairc óna tuarascáil, ag léiriú sónraí an fhiosrúcháin ar an gcás. Dúirt an ráiteas go raibh cónaí ar an leanbh agus a tuismitheoirí leis an achomharcóir tar éis breith an linbh. Bhí staid an teaghlaigh míshocair agus bhí deacrachtaí de dheasca fadhbanna andúile na dtuismitheoirí. I ndeireadh na dála, fuair an t-achomharcóir agus a mac comh-urlámh ar an leanbh. Agus urlámh faighte acu, níor cheadaigh an t-achomharcóir aon teagmháil idir an mháthair agus an leanbh. Ina tuairisc, thug an Cigire le fios nár fhaca sí aon chúis a stopadh an mháthair aire a thabhairt di sa mhéid is go raibh beirt leanbh eile aici ó shin, iad beirt ina gcónaí léi. Thug an Cigire le fios go raibh a máthair sásta go dtiocfadh an leanbh chun cónaí léi más mian léi, agus go raibh súil aici go ndéanadh an leanbh amhlaidh nuair a bheadh sí aosta a dóthain chun teacht ar chinneadh.

D'áitigh an mháthair nach raibh an méid a dúirt sí léirithe ina iomláine i dtuairisc an Chigire. Thug sí le fios go bhfáilteodh sí roimh theagmháil rialta lena hiníon, nuair, nó dá mba rud é, go n-aontódh an leanbh, ach nach raibh sé i gceist aici go bhféadfadh an leanbh teacht chun cónaí léi. Thug sí le fios nach mbeadh sí in ann an leanbh a chothú, toisc gurb í an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora an t-aon ioncam a bhí aici, agus go raibh an galar dubhach á fhulaingt aici de bharr an strus a bhain le haire a thabhairt dá beirt leanbh.

Thug an t-achomharcóir le fios gur andúiligh drugaí ab ea an bheirt tuismitheoir nuair a saolaíodh an leanbh. Dúirt sí gur mhair an leanbh léi ar feadh an chéad sé mhí dá saol, de bharr olcas saoil a dtuismitheoirí. Tar éis sé mhí, tháinig an leanbh chun cónaí léi go lánaimseartha agus fuair sí comh-úrlamh lena mac, a bhí ina chónaí léi ag an am, ag streachail lena andúil. Thug sí le fios go raibh máthair an linbh i dteagmháil mírialta léi ag an am sin agus go raibh saol míshocair á chaitheamh aici de bharr a handúil. D'áitigh sí nach raibh coinní coimeádta aici maidir le héisteachtaí faoi urlámh agus gur tháinig deireadh le teagmháil léi sa deireadh.

Dúirt an t-achomharcóir go raibh leanbh eile ag a mac a mhair lena shean-mháthair máthartha agus go raibh Liúntas Cúraim Altramais á íoc i dtaobh a chúraim. Thug an t-ionadaí ón CIC le fios gur íocadh Pinsean Dílleachta (neamh-Ranníocach) leis an máthair chríonna fad a bhí Liúntas Cúraim Altramais á íoc[5]. Dúirt sí gur teastaigh ón mbeirt máthair chríonna go mbeadh teagmháil idir na leanaí agus chuige sin shocraíodar cuairteanna rialta agus laethanta saoire dóibh.

Dúradh nach raibh aon teagmháil idir teaghlach an achomharcóra agus máthair an linbh le naoi mbliana anuas. Thug an t-achomharcóir le fios go raibh teagmháil fánach anois agus arís, ach b'shin a mhéid. Dhearbhaigh sí go ndiúltódh an leanbh bualadh lena máthair. Dhearbhaigh máthair an linbh

5 Ní íoctar Íocaíochtaí Dílleachta san áit a íoctar Liúntas Cúraim Altramais (Airteagal 14 de na Rialúcháin um Chúram Linbh (Leanbh a Lonnú in Aire Altramais) nó (Leanbh a Lonnú le Gaolta) 1995.

tuairisc an achomharcóra agus dúirt nach raibh aon phlean ann aon teagmháil foirmiúil a thosú.

Thug an t-achomharcóir le fios go raibh a mac tugtha do dhrugaí arís agus nach raibh sé tar éis an leanbh a chothú ó shin, agus nár thug sé ach cuairt amháin uirthi le ceithre bliana anuas. Thug sí le fios go raibh sochar linbh a íoc leis go dtí bliain ó shin ach, mar thoradh ar a fhadhbanna andúile, ba í an t-achomharcóir a bhí ag fáil na híocaíocht anois. I dtaca lena hachomhairc, chuir an t-achomharcóir isteach litir a thug le fios go raibh a mac ag glacadh páirte i gclár feiste drugaí, litir uaidh a dhearbhaigh nach raibh a iníon á chothú aige, litir tacaithe óna dochtúir teaghlaigh, agus litir ó oibrí sóisialaigh a chinntigh go raibh Pinsean Dílleachta á íoc leis an máthair chríonna eile maidir le dearthár an linbh agus, i gcomhfhios don oibrí, nach raibh aon dteagmháil nó cothú idir an leanbh agus a máthair

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Rinne an tOifigeach Achomhairc tagairt don leasú ar an sainmhíniú de leanbh cáilithe maidir le híocaíocht Dílleachta, léirithe san Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005, go ceann a cumhdaíonn go bhfuil an beirt tuismitheoir tar éis an leanbh a thréigean agus nach rabhadar tar éis an leanbh a chothú. Thug sé faoi deara gur meath ar stádas airgeadais a caomhnóirí a spreag an chás seo. Chur sé san áireamh, áfach, gur tharla na heachtraí tábhachtacha maidir le teacht ar chinneadh ar dhílleachta an linbh ag teacht leis an sainmhíniú dlíthiúil níos luaithe ina saol. Thug sé faoi deara gur andúiligh drugaí a bhí sna tuismitheoirí nuair a saolaíodh í, agus nach rabhadar in ann aire a thabhairt dá leanbh agus í a chothú, agus gur mhair sí lena máthair chríonna agus gur í a thug aire di. Thug sé faoi deara freisin gur thug an fhianaise le fios go raibh ról ag athair an linbh ina saol sna blianta luaithe dá saol ach nach raibh sé a cothú níos mó, toisc go raibh sé tugtha do dhrugaí arís.

Thóg sé san áireamh gur bhain cúis diúltaithe an éilimh le staid mháthair an linbh, toisc gur glacach leis nach raibh aon chúinse ann a stopadh í chun aire a thabhairt don leanbh, agus í ag tabhairt aire do bheirt leanbh eile, agus go bhféadfadh an leanbh teacht chun cónaí léi dá mba mhaith lei. Ba é fianaise máthair an linbh, áfach, nach raibh an leanbh á chothú aici agus nach mbeadh sí in ann amhlaidh a dhéanamh. Dá réir seo, d'áirigh an tOifigeach Achomhairc gurb é an cheist a bhí le réiteach ná an raibh an leanbh tréigthe ag a máthair. Thug sé faoi deara gur thug an fhianaise ag an éisteacht bhéil le fios nár chothaigh an máthair a leanbh riamh, nach raibh páirt aici i saol a iníne agus nach raibh aon teagmháil eatarthu ar feadh mórán blianta. Rinne sé tagairt don ráiteas a tugadh ag an éisteacht bhéil a dúirt go mba mhaith le máthair an linbh teagmháil rialta leis an leanbh a thosú ach cheap gur mianaidhm a bhí anseo agus go raibh an chuma ar an scéal nár theastaigh sé sin ón leanbh. Thuig sé nár léirigh ann féin an cheist faoi bheirt leanbh eile a bheith faoi chúraim na máthar nach raibh sí tar éis a leanbh níos sinne a thréigean sna blianta luaithe. Tháinig sé ar an gcinneadh go raibh an leanbh tréigthe ag a máthar agus í ina naíonán, agus nár rinneadh faic chun an tréigean sin a cheartú. Bhí sé sásta, dá réir sin, go bhféadfaí dílleachta a thabhairt ar an leanbh ar mhaithe le reachtaíocht leasa shóisialaigh.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Liúntas Míchumais

Ceist faoi chaibidil: Breith aisbhreathnaitheach chun acmhainn a tháinig ó fhostaíocht de thoradh íocaíocht iomarcach de thuairim is €9,500, a mheasúnú.

Cúlra: Measraíodh an t-achomharcóir le hacmhainn de €103.10 gach seachtain ó dáta i 2003 agus de €91.29 ó dáta i 2004, a tháinig ó fhostaíocht.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastal an t-achomharcóir in éineacht le cara.

Ba é an cás a bhí ag an achomharcóir ná gur thuig sé go raibh cead aige oibriú suas go 20 uair sa seachtain gan a bheith ag cur isteach ar a Liúntas Míchumais, ó fhiosruithe a chuir sé ar an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus ar FÁS. Chuir sé in iúl gur gortaíodh a lámh go dona i dtimpiste i 2000. Dúirt sé go raibh sé ag súil le dul ar ais ag obair agus chomh luath is a tháinig sé go leor chuige féin, thosaigh sé ag lorg oibre eile, toisc gur bhacaigh nádúr an dochair ar filleadh ar a sheanfhostaíocht. Chuir sé in iúl gur chuaigh sé chun caint le FÁS agus an Soláthraí Poist den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus go bhfuair sé maoiniú chun cúrsa traenála a dhéanamh. Shéin sé gur luadh teorainn tuillimh de €120 in aghaidh na seachtaine dó ach bhí sé chomh dáigh le carraig cloiche gur inis an lucht oibre i FÁS agus san Oifig Leasa Shóisialaigh Áitiúil dó go raibh sé in ann oibriú suas go dtí 20 uair sa tseachtain gan a bheith ag cur isteach ar a íocaíocht Liúntais Mhíchumais. Chuir sé in iúl gur cheap sé gur dheacair é obair a fháil ar dtús ach gur thosaigh sé ag obair ar deireadh, i mí Feabhra 2003. Dúirt sé nach raibh aon obair le fáil ach do 20 uair, mar d'oibrigh an comhlacht sealanna gairid sa limistéar teachtaireachta ina fostaíodh é. Dúirt sé freisin nach mbeadh sé in ann oibriú níos faide ná sin, sa tréimhse sin. Chuir sé in iúl go raibh sé fós fostaithe ag an gcomhlacht céanna, ar feadh 20 uair sa tseachtain.

Dúirt an t-achomharcóir gur chuaigh sé go dtí Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim chun clárú agus go raibh sé tar éis insint don oifig go raibh sé ag fáil Liúntas Míchumais. Dúirt sé gur inis oifigeach Ioncaim dó go raibh a chúrsaí in ord. Dá bhrí sin, agus ina theannta leis an eolas a bhfuair sé roimhe sin ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus ó FÁS, bhain sé as seo go raibh gach rud in ord agus lean sé ar aghaidh leis na horduithe ina leabhar Liúntais Míchumais a dhéanamh.

Rinne cara an achomharcóra an argóint, ar a son, go raibh mearbhall de shórt ann maidir leis na coinníollacha a bhaineann leis na daoine, a bhfaigheann íocaíochtaí sochair sóisialta, ag filleadh ar an obair, go háirithe i leith íocaíochtaí míchumais. Dúirt sé gurb é an riail a bhaineann lena lán scéimeanna leasa shóisialaigh ná an riail de 20 uair in aghaidh na seachtaine agus gurbh é seo an tairseach i gceist freisin i leith na Scéime Fostaíochta Pobail. Mhaígh sé go raibh seans ann gur chúis é seo de mhíthuiscint an achomharcóra de na rialacha, a bhí ag rialú an Liúntais Mhíchumais. Rinne sé an argóint freisin nach gcuirfeadh sé é in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim é dá dteastódh ón achomharcóir a fhostaíocht a choinneáil ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Ba é an cás a bhí aige ná gur léirigh an chaoi ina ndearna sé a leithéid go raibh sé ag gníomhú le hintinn mhaith.

D'fhiafraigh an tOifigeach Achomhairc den achomharcóir ar léigh sé liosta na n-eachtraí a bhí le chur in iúl ar chúl a leabhair orduithe iníoctha, agus an raibh a fhios aige go raibh tagairt don ghlacadh poist cuimsithe sa liosta sin. D'fhreagair an t-achomharcóir nach raibh eolas aige ar an liosta sin agus gur ghníomhaigh sé ar an mbonn go raibh sé in ann oibriú suas le 20 uair sa tseachtain. Thug an tOifigeach Achomhairc le fios gur chomhtharlaigh an méid uaire a bhí le fáil sa phost leis an méid uaire ar ghlac sé go raibh sé in ann oibriú agus d'fhiafraigh sé de an raibh anseo ach comhtharlú. D'fhreagair an t-achomharcóir nach raibh aon obair eile le fáil ón bhfostóir ach é sin agus gur thóg sé an post ar an mbonn a luadh cheana. Mhol sé gur thug sé a leabhar orduithe iníoctha ar ais tar éis don chinneadh a bheith fógartha.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur léirigh an t-achomharcóir fonn filleadh go dtí an lucht oibre agus traenáil a ghlacadh cé gur d'fhulaing sé timpiste uafásach. Ghlac sé go raibh réim coinníollacha ann i leith na cásanna ina theastaigh ó dhaoine, a bhí ag fáil íocaíochtaí míchumais, filleadh ar an lucht oibre. Bhreathnaigh sé ar sin mar réasúnta glacadh go mbeadh seans ann go dtarlódh mearbhall i leith na gcoinníollacha a mbeadh feidhm acu don Sochar Míchumais in ionad an Liúntas Míchumais nó an Pinsean Easláinte. Cheap sé go raibh seans ann go dtarlódh cuid den mhearbhall maidir leis an ndifríocht idir Scéim Fostaíochta Pobail FÁS agus an ngeilleagar oscailte. Thug sé faoi deara gurbh é an fráma ama a luadh in a lán de na ceantair seo ná 20 uair sa tseachtain.

Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta gur chreid an t-achomharcóir go fírinneach go raibh an ceart aige oibriú mar a dhearna sé, agus gur tharla an ciontú seo ó mhíthuiscint ar na gcoinníollacha a rialaíonn an scéim in ionad eolas mícheart a sholáthair an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Chuir sé san áireamh gur cosúil nár tuigeadh na coinníollacha a bhain le hábhar go hiomlán laistigh de FÁS. Níor ghlac sé gur léiríodh clárú le na Coimisinéirí Ioncaim dea-rún, mar chuirfeadh a fhostóir brú air a leithéid a dhéanamh, d'ainneoin an chaoi ina mheas sé gur réasúnta é don achomharcóir na cinnteachtaí go raibh gach rud in ord a ghlacadh.

Thug sé faoi deara, cé go dhéanann na treoirlínte sa leabhar orduithe iníoctha tagairt d'fhógra i gcás tosaithe fostaíochta, ní ainmníonn siad teorainn tuillimh de €120 sa tseachtain. Bhain sé as seo gur ghníomhaigh an t-achomharcóir i gcomhréir lena thuiscint de na rialacha agus, socraigh sé go mba chóir go dtiocfadh an bhreith isteach ón dáta seo agus gan éifeacht aisbhreathnaitheach, sa chaoi nach dtarlódh aon íocaíocht iomarcach.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Pinsean Easláinte (Liúntas um Chónaí Aonair)

Ceist faoi chaibidil: An bhfuil teideal chun Liúntais um Chónaí Aonair ag an achomharcóir ó dáta i 2001, cé nár chuir sé iarratas isteach go dtí dáta i 2004.

Cúlra: Cuireann an reachtaíocht leasa shóisialaigh teorainneacha ama amach go soiléir laistigh de mba chóir go ndéanfaí éileamh. Ní dhéantar íocaíocht i gcásanna ina dhéantar éilimh tar éis an ama ceaptha. Cibé sin, tá seans ann go gcuirfí cúl-dáta ar éileamh (suas le 6 mí) nuair a nglacfaí go mbeadh cúis mhaith don mhoill agus nuair a mbunófaí teideal tríd an tréimhse i gceist. Bhí an t-achomharcóir sa chás seo ag fáil Pinsean Easláinte, agus ina chónaí ina aonair. I 2004, d'éiligh sé Liúntas um Chónaí Aonair, a bhí molta dó agus a bhí cúl-dátaithe ar feadh tréimhse sé mhí. Rinne sé achomharc in aghaidh na breithe, ag iarraidh go ndéanfaí é a íoc ó mhí Aibreáin 2001 i leith, nuair a thosaigh a theideal. In a aighneas achomhairc, dúirt an tOifigeach Cinnidh gur eisíodh fógra ag comhairliú ar theideal féideartha, tar éis leasaithe sa scéim in Aibreáin 2001, ach nach bhfuarthas aon éileamh suas go dtí 2004.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastal an t-achomharcóir ar an éisteacht in éineacht lena dheirfiúr.

Shoiléirigh an tOifigeach Achomhairc gurbh é an tréimhse i gceist ná an ceann ó mhí Aibreáin 2001 go dtí an dáta a rinneadh an t-éileamh i mBealtaine 2004. Mhol sé don achomharcóir gur leasaíodh na coinníollacha cáilithe do Liúntas um Chónaí Aonair a fháil chun na faighteoirí go léir den Phinsean Easláinte a chur san áireamh. Roimhe sin, ní raibh an íocaíocht iníoctha ach sna cásanna ina raibh na faighteoirí thar 65 bhliain.

Thug an t-achomharcóir fianaise gur mhair sé an chuid is mó dá shaol fásta ina aonair i dteach údaráis áitiúil. Chuir sé in iúl go raibh sé aineolach dá theideal chun Liúntais um Chónaí Aonair go dtí gur chuir cara in iúl dó é. Dúirt sé nach raibh aon chuimhne aige ar fhógra a fháil ina leabhar pinsin, ag léiriú na n-athruithe Cáinaisnéise i 2001. Chuir sé in iúl go raibh sé ag fáil Liúntais Bhreosla Saoir le roinnt mhaith blianta anuas.

Dúirt deirfiúr an achomharcóra nach raibh aidhm na héisteachta béil soiléir di toisc nach raibh an t-achomharcóir ábalta an scéal a mhíniú di. Dúirt sí gur chuir an tAonad Eolais do Shaoránaigh achomharc a dearthár isteach dó agus gurbh é ball den lucht oibre san Aonad a d'inis dó faoina theideal. Chuir sí in iúl go raibh fadhb alcóil ag an achomharcóir, a bhí in ann a bheith tubaisteach uaireanta. Dúirt sí gur rinne sé faillí ar a chúrsaí go seasta, de dheasca sin, agus gur bhraith sé uirthi chun gach rud a réiteach. Dúirt an t-achomharcóir nach mbeadh sé ar a chumas aon ní a dhéanamh ar fhógra faoi na hathruithe Cáinaisnéise, á rá nach dtabharfadh sé comhfhreagras go haird aon duine dá mbeadh sé ag ól, agus nach lorgódh sé cabhair ach an oiread. Dúirt sé go raibh a chíos gan íoc agus go raibh an údarás áitiúil ag lorg laghdú €30 sa tseachtain óna Phinsean Easláinte chun an méid gan íoc a fháil ar ais. Gheall deirfiúr an achomharcóra fianaise den chíos gan íoc a chur ar fáil. Cuireadh faoi bhráid nach raibh aon acmhainn ag an achomharcóir dá bharr a

alcólacht. Tugadh litir isteach ina dhiaidh sin ag rá go raibh timpeall €500 fós le n-íoc aige leis an údarás áitiúil.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go raibh an t-achomharcóir ag fáil Liúntais Bhreosla Saoir ó 1995 ar an mbonn go raibh sé ina chónaí ina aonair, agus go raibh sé sin cláraithe ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Mheas sé gur chomhartha é íocaíocht leanúnach an liúntais sin go raibh an Roinn sásta gur fhan sé ina chónaí leis féin. Thug sé faoi deara gur lig sé a chíos don chomhairle dul gan íoc, ag tarraingt fiacha air, ar mhol an fianaise nach raibh sé in ann a réiteach. Ghlac sé go raibh cumas teoranta ag an achomharcóir chun a chúrsaí féin a láimhseáil agus bhí sé sásta gur mhínigh sé sin an teip air an fógra faoi na coinníollacha athbhreithnithe don Liúntas um Chónaí Aonair a fhreagairt. Bhain sé as seo gur chóir go measfaí gur incheaptha é don Liúntas um Chónaí Aonair ó Aibreáin 2001, toisc go raibh eolas ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun taispeáint go raibh sé inchurtha do híocaíocht.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Sochar Linbh:

Ceist faoi chaibidil: An bhfuil seans ann go n-íocfar Sochair Linbh dá bharr éilimh an achomharcóra le héifeacht ó dáta i 1991 nuair a bhog sí ón Ríocht Aontaithe go hÉirinn.

Cúlra: Bhog an t-achomharcóir agus a clann go hÉirinn sna 90í luatha ach lean sí ar aghaidh ag tarraingt Sochar Linbh ón Ríocht Aontaithe. Nuair a fuair na húdaráis ann eolas ar an scéal, stopadh an íocaíocht agus cuardaíodh athshlánú don íocaíocht, a rinneadh sa tréimhse idir 1991 agus 2000, de mhéid tuairim is £9,000 sterling. D'éiligh an t-achomharcóir Sochar Linbh in Éirinn ach dhiúltaigh an tOifigeach Cinnidh a hiarratas cúl-dátaithe a chur ar an íocaíocht ar an mbonn nár léirigh sí cúis mhaith don fhaillí éileamh a dhéanamh laistigh den tréimhse ceaptha.

Dúirt an t-achomharcóir ina haighneacht scríofa, gur shíl sí gur íoc an Ríocht Aontaithe Sochar Linbh do pháistí a rugadh ann agus nach raibh sé ar intinn aici ag an am fanacht in Éirinn go seasta. Chuir sí faoi bhráid gur lean sí ar aghaidh Sochar Linbh a éileamh ón Ríocht Aontaithe, ag cíoradh gur iníoctha é do thír ar bith acu. Mhaígh sí go raibh teideal chun Sochair Linbh Éireannaigh aici go cinnte mura raibh teideal an Sochair Linbh a d'éiligh sí aici, agus, ina theannta sin, go mba chóir go gcúiteofá teideal mar seo in aghaidh na híocaíochta socraithe ag na húdaráis slándála sóisialaigh sa Ríocht Aontaithe. Chuir an t-achomharcóir in iúl nár bhog an chlann go hÉireann i 1991 ach go dtí am i 1992, agus sholáthair sí fianaise cáipéise chun é seo a chruthú.

Shocraigh an tOifigeach Achomhairc an t-achomharc seo ar bhonn achomhair.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gurb íocaíocht uilíoch é an Sochar Linbh in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe agus gur shásaigh an t-achomharcóir na coinníollacha cáilithe sa dá thír. Thug sé faoi deara, d'ainneoin sin, gur gearradh pionós éifeachtach uirthi sa chaoi gur diúltaíodh íocaíocht sa dá thír. Mheas sé go raibh seans ann nach mbeadh an bhreith a héileamh chun cúl-dáta a chur ar an íocaíocht a dhiúltú, inúsáidte dá mbeadh sí ag lorg bronnta aisbhreathnaithigh simplí den Sochar Linbh, foráilte faoi na Rialacháin (Forálacha Íocaíochtaí Comhdhlúite) Leasa Shóisialaigh, 1994. Thug sé faoi deara, d'ainneoin seo, go nglactar go mbreathnaítear ar éileamh sochair in aon Stát clúdaithe faoi Rialacháin an AE, mar éileamh d'íocaíocht de shórt cosúla in Éirinn.

Mheas sé gur athraíodh an chás le hiarrachtaí na n-údarás sa Ríocht Aontaithe, le cabhair na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, an Sochar Linbh a íocadh dóibh a fháil ar ais, cibé na luaíochtaí forlíonaidh an achomharcóra ar a faillí Sochar Linbh a éileamh laistigh den am oiriúnach. Bhí sé den tuairim gur mharcáil sé sin imeacht ón 'bhfoirceadal coibhneasta', a soláthraítear sa dlí riarthach, a éileamh comhairle riarthach meá cheart a choinneáil idir aon éifeachtaí dochracha a mbeadh ag a bhreith agus an aidhm a leanfadh sé. Mheas sé, cé gur réasúnta é go n-iarrfadh Rialacháin na n-éileamh déanach ordú de shórt a chur ar an gcaoi ina dhéanfaí an t-éileamh, ní raibh sé ar intinn go dtabharfadh forálacha na reachtaíochta sin tacaíocht don aisghabháil íocaíochta iomarcaí nó eisiúna iomarcaí. Thug sé faoi deara nach raibh an t-achomharcóir ag lorg aon íocaíochta aisbhreathnaithí a fháil ach d'iarr sí gearradh na híocaíochta a sheachaint.

Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go raibh socrú déanta ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun íocaíochtaí rádail a aisíoc go dtí na húdaráis sábhála sóisialaigh sa Ríocht Aontaithe. Bhain sé as seo nach raibh aon cúrsa gnímh féaráilte eile ann ach Sochar Linbh a bhronnadh ó 1992, leis an dáta ainmnithe a bheith réitithe le na húdaráis sa Ríocht Aontaithe mar an ceann ó stopadh íocaíocht an Sochair Linbh ann. Shocraigh sé go mba chóir go gcúiteofá teideal an sochair sa Stát seo in aghaidh an íocaíocht socraithe ag údaráis na Ríochta Aontaithe.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Sochar Linbh

Ceist faoi chaibidil: An bhfuil seans ann go n-íocfaí Sochar Linbh don achomharcóir dá bharr a chol cheathrar atá faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ina cheantar áitiúil.

Cúlra: D'éiligh an t-achomharcóir Sochar Linbh maidir lena chol cheathrar, a bhí 16 bliain d'aois agus a tháinig chun cónaí in Éirinn i 2001. Bhí sé faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ina chónaí i lóistín a sholáthair an Feidhmeannacht. Dá bharr an chaoi nach raibh an t-achomharcóir ina chónaí leis, bhain an tOifigeach Cinnidh as seo nach féidir glacadh leis an achomharcóir mar cheann an tí, d'aidhmeanna an Sochair Linbh, sa chaoi nach raibh sé i dteideal íocaíochta.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastail an t-achomharcóir ina aonair. Chuir sé in iúl go raibh sé ina chónaí san aonad cónaithe céanna is a bhí a chol cheathrar nuair a tháinig sé go hÉireann ar dtús agus gur íocadh Sochar Linbh dó féin sa tréimhse is a bhí sé ina

chónaí ann. Chuir sé faoi bhráid gur éiligh sé Sochar Linbh roimhe sin do bheirt col ceathrar eile agus gur íocadh é, ag dearbhú gur thug sé aire don airgead ar a son. Dúirt sé nach raibh a chol cheathrar in ann cónaí leis mar bhí sé faoin aois fós. D'ainneoin sin, chuir sé in iúl go bhfeiceann sé é beagnach gach seachtain agus caitheann sé am leis ag an deireadh seachtaine, agus tugann sé cúnamh airgeadais dó nuair atá sé in ann. Dúirt sé gur íocadh Sochar Linbh dó nuair a bhí sé 16 bliain d'aois agus gur bhog sé go lóistín príobháideach ar chíos nuair a bhí sé 18 mbliana d'aois. Chuir sé in iúl go raibh sé ar intinn go ndéanfadh a chol cheathrar an rud céanna. Dúirt sé go bhfaigheann a chol cheathrar a bhéilí san aonad cónaithe, agus go bhfaigheann sé ticéid bus agus ?19.00 sa tseachtain. Labhair an t-achomharcóir dá imní maidir le sochar a bheith íoctha dá ghaolta go léir, a mba chóir go mbeadh teideal acu, agus chuir sé faoi bhráid gur éiligh sé, agus d'fhreastail sé ar an éisteacht, le fonn cabhair a thabhairt dá chol cheathrar a shochar a fháil.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go raibh ceist níos leithne ann ar íocaíocht an Sochair Linbh do pháistí scartha atá ag lorg tearmainn, nó mionaoiseacha gan tionlacan, mar aon le cúrsaí an cháis áirithe seo. Dhearbhaigh an t-achomharcóir gur íocadh Sochar Linbh dó féin i gcás cosúil le ceann a chol cheathrar. Níor cuireadh an dearbhú seo roimh an éisteacht bhéil sa chaoi nach raibh an tOifigeach Achomhairc i suíomh ráiteas a éileamh nó ionadaí ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a ghlaoch chun an t-ábhar a dhearbhú. Tar éis na héisteachta, d'éiligh sí dearbhú ón Roinn. Comhairlíodh í go raibh na daoine óga i gceist i lóistín 'soláthair dírigh', i gcúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Roimh thosach an choinníll ghnáthchónaí, d'fhág cuid acu an lóistín seo agus chuaigh siad chun cónaí san earnáil chíosa príobháideach, agus íocfadh Liúntas Leasa Forlíontach (ráta bunúsach agus forlíonadh cíosa) leo. I rith an ama seo, d'íoc an Roinn Sochar Linbh ar bhonn riarthach, ag tógáil an dhearcaidh go mbeadh duine óg sa suíomh seo in ann a bheith glactha mar cheann a t(h)í agus, mar sin, mar dhuine cáilithe d'aidhmeanna na reachtaíochta leasa shóisialaigh. Maidir leis an réiteach a rinneadh chun Sochar Linbh a íoc do dhaoine óga áirithe i gcásanna cosúil le na cinn a bhí imlínte ag an achomharcóir, comhairlíodh an tOifigeach Achomhairc gur rinne an Roinn íocaíocht suas go dtí timpeall dhá bhliain ó shin. D'ainneoin seo, léirigh athbhreithniú den réiteach seo difríocht sa chaoi gur íocadh Sochar Linbh do dhaoine óga áirithe agus níor íocadh é do dhaoine eile, sa dóigh gur uchtaigh an Roinn teacht seasmhach laistigh nár íocadh Sochar Linbh níos mó i gcásanna mar seo.

Chuir an t-oibrí sóisialta, a bhí baint aige leis an duine óg, litir tacaíochta isteach le héileamh an achomharcóra. Tar éis ráiteas ar staid na Roinne a fháil ar íocaíocht na ndaoine óige eile a bhí ina gcónaí san aonad ina chónaigh col cheathrar an achomharcóra, chuir an tOifigeach Achomhairc fios ar an oibrí sóisialta chun níos mó soiléireachta a fháil. Chomhairligh an t-oibrí sóisialta go dtógtar tromlaigh na leanaí scartha (mionaoiseacha gan tionlacan) isteach faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Roimh thosach an 'tsoláthair dhírigh', cuireadh daoine fásta agus teaghlaigh i dtithe ósta agus d'íoc siad ráta iomláin an Liúntais Leasa Forlíontach leo. Chabhraigh oibrithe sóisialta/tionscnaimh leo Sochar Linbh a éileamh agus íocadh é do na daoine óga iad féin. Tar éis tosaigh an 'tsoláthair dhírigh', rinneadh íocaíocht do dhaoine fásta faoin scéim seo. Rinne an t-oibrí sóisialta an argóint nach bhfuil na daoine óga i gceist ag fáil an cúram céanna is a soláthraítear do leanaí i gcúram cónaithe, agus gurb oiriúnach é an chaoi go láimhseálfadh siad airgead, sa bhealach céanna is a dhéanfadh leanaí a mbeadh ina gcónaí i gclann; cabhraíonn sé seo in a bhfáil scileanna comhcheangailte le neamhspleáchas agus ligeann sé seo dóibh bheith páirteach i sochaí na hÉireann.

Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara nach oiriúnach go cruinn don cheist i dtreis iad na ceisteanna a scrúdaíodh in a socrú den achomharc seo ach gur scrúdaíodh iad ar an mbonn go raibh seans ann go mbeadh bonn éilimh ag an nduine óg é féin dá mbeadh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ag déanamh íocaíocht mar seo, mar a phléigh an t-achomharcóir. Bhain sí as seo nach raibh socrú fós in áit, cé go raibh an cosúlacht ann gur rinne an Roinn é sin ar bhonn riarthach suas go dtí dhá bhliain ó shin. Mheas sí nach raibh iompar ag na ceisteanna sin ar an achomharc sa deireadh, cé go mbeadh oiriúnacht cleachtaidh mar seo agus an athraithe a mbeadh éifeachta, in ann bheith ceistithe. Bhain sí as seo nach raibh teideal íocaíochta an Sochair Linbh ag an achomharcóir maidir lena chol cheathrar ar an mbonn nár chomhlíon sé na caighdeáin, a léiríodh sa reachtaíocht leasa shóisialaigh do 'dhuine cáilithe' a bhféadfadh an Sochar Linbh a fháil, toisc nach raibh an duine óg maidir lena rinneadh an t-éileamh, ina chónaí in éineacht leis de ghnáth.

Toradh: Achomharc neamhcheadaithe.

Sochar Linbh (Coinníoll Gnáthchónaí)

Ceist faoi chaibidil: Cibé ar féidir a rá go raibh gnáthchónaí ar an achomharcóir sa Stát ar mhaithe lena héileamh ar Shochar Linbh.

Cúlra: Tháinig an t-achomharcóir chuig an Stát mar mhionaoiseach ina haonar i Meán Fómhair 2002, agus chuaigh sí leis an gcuid eile dá clann. Thug an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí cead di fanacht sa Stát ar feadh tréimhse de réir na tréimhse a tugadh dá máthair agus ar an mbunús go raibh sí ina cleithiúnaí de chuid duine a tugadh cead cónaithe di. Phós an t-achomharcóir ina dhiaidh sin agus bhí leanbh aici. Shocraigh an tOifigeach Cinnidh, toisc gur chruthaigh an t-achomharcóir aonad clainne ar leith, ar mhaithe le Sochar Linbh, nach bhféadfaí stádas a máthar a thógáil san áireamh agus nach bhféadfaí socrú go raibh gnáthchónaí ar an achomharcóir go dtí go ndéanfaí cinneadh deireanach faoina stádas sa Stát. Bhíothas chun athbhreithniú a dhéanamh ar a stádas i Márta 2006.

Chinn an tOifigeach Achomhairc ar an achomharc seo ar bhonn achoimre.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go gceaptar an reachtaíocht ábhartha ar bhealach go gcaithfidh an duine aonar an toimhde nach bhfuil gnáthchónaí orthu a fhrisnéisiú. Ina Threoirlínte ar a bhfuil an dáta 4 Márta 2005, deireann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh: tugann "gnáthchónaí" le fios go bhfuil baint ghar idir an t-achomharcóir agus an tír óna éilítear an íocaíocht agus braitheann sé go trom ar na fíricí. Is iad na fachtóirí is tábhachtaí do ghnáthchónaí ná fad, leanúnachas agus nádúr ginearálta an fhíorchónaithe in áit rúin.

Tagraíonn na Treoirlínte do leagadh síos roinnt fachtóirí ag Cúirt Breithiúnais na hEorpa atá tábhachtach agus socrú a dhéanamh an féidir socrú go bhfuil gnáthchónaí ar dhuine. Déantar tagairt faoi leith do na breithiúnais i gcásanna Di Paola agus Knoch[6]. Agus scrúdú déanta aici ar na Breithiúnais sin, thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara gur ainmnigh siad na pointí seo a leanas mar phointí atá ábhartha maidir le gnáthchónaí a shocrú

- Ceangail ghara leis an tír ina bhfuil an duine lonnaithe agus ina bhfuil gnáthchónaí air/uirthi
- An áit ina bhfuil príomháit chónaithe leasanna an duine lonnaithe
- Staid na clainne
- Na cúiseanna le bogadh an duine
- Nádúr na hoibre
- Fad agus leanúnachas an cheada chónaithe sular bhog an duine atá i gceist
- Fad na neamhláithreachta agus an chúis leis
- Nádúr an phoist a fuarthas sa Bhallstát eile
- Rún an duine atá i gceist mar a bhfuil dealramh air ó na cúinsí ar fad

Agus scrúdú déanta aici ar fhorálacha na reachtaíochta rialaithe, agus ar Threoirlínte na Roinne ar an gCoinníoll Gnáthchónaithe i dteannta leis na Breithiúnais CBE ábhartha, shocraigh an tOifigeach Achomhairc gur fhrisnéisigh an t-achomharcóir an toimhde nach raibh gnáthchónaí uirthi. Bhí sí sásta gur chruthaigh an t-achomharcóir go bhfuil ceangail ghara aici le hÉirinn, tá a clann bhunaidh agus an chlann nua a chruthaigh sí féin agus a fear chéile ina gcónaí anseo Shocraigh an tOifigeach Achomhairc gur léirigh na cúiseanna le teacht an achomharcóra anseo agus fad agus leanúnachas a ceada cónaithe in Éirinn go soiléir go raibh a príomháit leasa sa Stát. Shocraigh sí mar sin, go gcaithfí socrú go raibh gnáthchónaí ar an achomharcóir.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Cúnamh Dífhostaíochta (Coinníoll Gnáthchónaí)

Ceist faoi chaibidil: An bhféadfaí socrú go bhfuil gnáthchónai ar an achomharcóir sa Stát ar mhaith lena éileamh ar Chúnamh Dífhostaíochta.

Cúlra: Tháinig an t-achomharcóir agus a chlann go hÉirinn i mBealtaine 2004 ón tSlóvaic. Nuair a chaill sé a phost, d'éiligh sé Cúnamh Dífhostaíochta agus bhí air socrú gur chomhlíon sé an choinníoll gnáthchónaithe. Shocraigh an tOifigeach Cinnidh nach raibh sé ina chónaí in Éirinn sna dhá bhliain roimhe, nach raibh pátrún seasmhach fostaíochta sa Stát aige agus nach bhfuair sé fostaíocht sular tháinig sé. Dá réir, diúltaíodh dá achomharc ar na bunúis nár chomhlíon sé an choinníoll gnáthchónaithe.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastail an t-achomharcóir, bhí a bhean agus a leanbh in éineacht leis. Thug beirt bhall foirne ar a Ionad Eolais Saoránach áitiúil, agus d'fhreastal siadsan freisin ar an éisteacht.

Luaigh an t-achomharcóir gur cheap sé nach mbeadh aon deacracht aige le hobair a fháil in Éirinn agus an tAontas Eorpach méadaithe i mBealtaine 2004. D'inis sé gur fhág a bhean agus a leanaí a dtír bhunaidh mar gheall ar easpa oibre agus ró-phlódú sa bhaile clainne áit a raibh siad ina gcónaí lena máthair céile. Dúirt sé go bhfuair sé teach ar cíos nuair a shroich sé Éire, fuair sé an t-airgead don éarlais trí iasachtaí a fháil ó chairde. Chuir sé féin agus a bhean isteach ar Liúntas Breise Leasa Shóisialaigh agus ar fhóirdheontas cíosa ach diúltaíodh dá n-éilimh toisc nár ceapadh go raibh gnáthchónaí orthu. Dúirt sé gur tugadh Sochar Linbh i dtaobh a mbeirt leanaí dóibh.

Dúirt an t-achomharcóir gur oibrigh sé mar phóirtéir ostáin ó Iúil 2004 go Feabhra 2005. Dúirt sé gur fhulaing sé féin agus a chlann ciapadh agus drochúsáid ar bhonn cine sa cheantar ina raibh siad ina gcónaí agus gur shocraigh siad mar sin bogadh don lóistín atá acu faoi láthair i Meitheamh 2005. Faoin uair sin, bhí obair mar oibrí faighte ag an achomharcóir. Ní raibh bean an achomharcóra in ann obair a fháil mar gheall ar fhadhbanna sláinte. Fuair sí máinliacht i Samhain 2005 agus fós faigheann sí cóireáil. D'inis siad gur tharraing siad fiacha orthu mar gheall ar easpa airgid. Chuir siad billí leictreachais agus billí eile i láthair mar thacaíocht ar an maíomh seo. Dúirt an t-achomharcóir gur mhair an chlann trí chabhair ó chairde agus bearta bia ón gCumann Naomh Uinseann de Phól áitiúil nuair nach raibh sé ag obair.

Dúirt an t-achomharcóir go raibh an léasa ar lóistín na clainne le haghaidh bliana amháin, le héifeacht ó Mheitheamh 2005, gur oscail siad cuntas bainc, go bhfuil beirt leanbh leo ag freastal ar scoileanna áitiúla, agus go bhfuil an leanbh atá níos sine cláraithe do mheánscoil le héifeacht ó Mheán Fómhair 2006. Rinne sé tagairt don bhaint atá acu ina gcomhlachas tuismitheoirí/múinteoirí áitiúil. Dúirt sé nach bhfuil aon chlann acu sa tSlóvaic. Dheimhnigh an t-achomharcóir go raibh sé de rún aige féin agus a bhean i gcónaí saol a chruthú dóibh féin agus dá leanaí anseo ó shocraigh siad teacht go hÉirinn.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thug an t-Oifigeach Achomhairc faoi deara gur thóg an t-achomharcóir pé obair ar bith a bhí ar fáil dó. Scrúdaigh sé an fhianaise a chuir an t-achomharcóir agus a bhean i láthair maidir lena gcónaí sa stát agus na socruithe a rinne siad d'oideachas a gcuid leanaí. Thug

6 Case 76/76 *Di Paolo* [1977] ECR 315 and Case C-102/91 *Knoch* [1992] ECR I-4341

sé faoi deara nach raibh an t-achomharcóir ina chónaí sa Stát ar feadh dhá bhliain ag an dáta nuair a d'éiligh sé cúnamh dífhostaíochta ach, agus an fhianaise ar fad scrúdaithe aige, shocraigh sé go raibh an t-achomharcóir agus a bhean lonnaithe anseo, agus mar sin bhí gnáthchónaí orthu sa Stát.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Sochar Linbh (Coinníoll Gnáthchónaí)

Ceist faoi chaibidil: An bhféadfaí, socrú go bhfuil gnáthchónaí ar an achomharcóir, a bhfuil a céile fostaithe in Éirinn, sa Stát ar mhaithe lena héileamh ar Shochar Linbh.

Cúlra: D'éiligh an t-achomharcóir Sochar Linbh, ó Mheitheamh 2004, i dtaobh a bheirt leanbh. Diúltaíodh an t-éileamh ar an mbunús nach raibh gnáthchónaí uirthi in Éirinn. Shocraigh an t-Oifigeach Achomhairc toisc nár chónaigh sí sa Stát ná sa Limistéar Taistil Coitinn ar feadh dhá bhliain ar a laghad agus nach ndearnadh aon chinneadh ar a stádas teifigh, nach bhféadfaí socrú go raibh gnáthchónaí uirthi sa Stát.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastail an t-achomharcóir ar an éisteacht gan tionlacan. Dúirt sí go raibh árasán ag an gclann ar cíos agus sholáthair sí ráiteas scríofa óna tiarna talún. Chuir sí isteach litir ón údarás tithíochta áitiúil maidir le comhiarratas a rinne sí féin agus a céile. Freisin chuir sí isteach litir ó chomhlacht tógála ag rá go raibh a céile fostaithe acu ó Mheán Fómhair 2004, agus moladh óna mhaoirseoir ag rá gur bhreathnaigh sé air mar dhuine macánta agus iontaofa. Freisin chuir an t-achomharcóir isteach litir ón múinteoir ag an scoil ar a bhfuil a mac ag freastal, ag rá go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh aige.

D'inis an t-achomharcóir go raibh an chlann ina gcónaí i Sasana idir Aibreán 2002 agus Márta 2003. Tháinig siad chun cónaí in Éirinn in Aibreán 2004. D'inis an t-achomharcóir go raibh sí ina teifeach, ach, tar éis aontú Phoblacht na Seice don Aontas Eorpach, níorbh amhlaidh a thuilleadh.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara nárbh teifeach í an t-achomharcóir le héifeacht ó Bhealtaine 2004. Thug sé faoi deara gur 'sochar clainne' é Sochar Linbh faoi reachtaíocht AE agus go mbronnann sé seo cearta ar 'oibrithe' ar náisiúnaigh AE iad, saoránaigh na mBallstát nua a chuaigh isteach i mBealtaine 2004 ina measc. Thagair sé don fhíric gur féidir cónaitheoir clainne AE in Éirinn cáiliú do Shochar Linbh más 'oibrí' é duine de na tuismitheoirí, ciallaíonn sé seo go bhfuil an tuismitheoir i bhfostaíocht inárachais nó i bhféinfhostaíocht in Éirinn. Ar an mbunús seo, ní bhaineann an choinníoll gnáthchónaithe seo le hoibrithe AE i gcomhthéacs Sochar Linbh. Toisc go ndeachaigh céile an achomharcóra i mbun fostaíochta i Meán Fómhair 2004, shocraigh sé nár bhain an choinníoll gnáthchónaithe ón dáta seo, agus go raibh an t-achomharcóir de theideal chun íocaíochta ar choinníoll go raibh na coinníollacha eile do theideal comhlíonta. Maidir leis an tréimhse níos luaithe (idir Meitheamh 2004 agus Deireadh Fómhair 2004), shocraigh sé go raibh an choinníoll gnáthchónaithe bainteach. Thug sé faoi deara go raibh an t-achomharcóir ina teifeach nuair a tháinig sí go hÉirinn, sular athraigh a stádas i mBealtaine 2004. Shocraigh sé nach raibh an t-achomharcóir in Éirinn ach le tréimhse ghairid nuair a rinne sí a héileamh ar Shochar Linbh, agus ar an gcúis sin, níor cheap sí gurb í Éire a príomháit spéise ag an uair sin. Dá réir, níor cheap sé go raibh gnáthchónaí uirthi sa Stát i rith na tréimhse idir Meitheamh 2004 agus Deireadh Fómhair 2004.

Toradh: Achomharc ceadaithe i bpáirt.

Cúnamh Dífhostaíochta (Coinníoll Gnáthchónaithe).

Ceist faoi chaibidil: An bhféadfaí socrú go bhfuil gnáthchónaí ar an achomharcóir sa Stát ar mhaithe lena éileamh ar Chúnamh Dífhostaíochta.

Cúlra: Tháinig an t-achomharcóir chun cónaí in Éirinn i Lúnasa 2003, lena bhean agus a leanbh. D'éiligh sé Cúnamh Dífhostaíochta in Iúil 2004 ach diúltaíodh dó ar an mbunús nár chomhlíon sé an choinníoll gnáthchónaithe. Shocraigh an tOifigeach Cinnidh nach raibh sí ina gcónaí sa Stát ná codanna eile den Limistéar Taistil Choitinn don dá bhliain roimhe, agus de réir na sonraí a chuir sé ar fáil nuair a rinne sé a éileamh, níor fhan sé ach ar feadh seal ghairid, dhá bhliain go trí bliana b'fhéidir.

Éisteacht Bhéil: Tháinig an t-achomharcóir gan tionlacan. D'inis sé nach raibh aon cheangail clainne díreacha aige féin ná ag a bhean le hÉirinn. Dúirt sé nár fhill sé ar a thír bunaidh ó tháinig sé, tháinig sé anseo ar thicéad aontreo. D'inis sé go raibh sé ina chónaí i lóistín cíosaithe agus nach raibh aon léasa ar a mhaoin cíosaithe. Chuir sé faoi bhráid gur thosaigh sé fostaíocht lán-aimseartha anseo ó rinne sé a éileamh, go raibh cuntas bainc aige anseo, go ndeachaigh sé isteach i gclub spóirt áitiúil agus go raibh baint aige le hoiliúint, go dtógfadh sé dhá bhliain ar a laghad chun a chuid fostaíochta a chríochnú, agus gur rugadh a dara leanbh anseo.

D'inis an t-achomharcóir go bhfuil a mhórtheaghlach fós ina gcónaí ina thír bhunaidh agus go raibh a earraí teaghlaigh agus a charr á stóráil ann, go dtí filleadh na clainne. Dúirt sé nach raibh aon mhaoin aige ann, fuair sé lóistín ar cíos i gcónaí. Dúirt sé go bhfuil sé beartaithe aige fanacht in Éirinn ar feadh thart ar dhá bhliain, agus go raibh sé beartaithe aige a shos gairme a mhéadú dá réir.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach achomhairc faoi deara nach raibh an t-achomharcóir in ann aon fhianaise scríofa maidir le conradh fostaíochta, maidir lena shos gairme a mhéadú, ná aon fhianaise eile a thacódh an maíomh go raibh sé de rún aige fanacht in Éirinn sa todhchaí atá romhainn a chur isteach. Thug sí faoi deara freisin gur admhaigh an t-achomharcóir go raibh sé de rún aige filleadh ar a thír bhunaidh chun cónaí ann, go raibh a earraí pearsanta á stóráil agus gur roghnaigh sé a shos gairme a mhéadú in áit éirí as a phost agus gur chuir a cheadúnas oibre teorainn le coinníollacha a chónaí sa tír seo. Ar na cúinsí ar fad, shocraigh an tOifigeach Achomhairc nár chomhlíon an t-achomharcóir an choinníoll gnáthchónaithe.

Toradh: Achomharc neamhcheadaithe.

Cúnamh Dífhostaíochta (Coinníoll Gnáthchónaithe)

Ceist faoi chaibidil: An bhféadfaí socrú go raibh gnáthchónaí ar an achomharcóir sa Stát ar mhaithe lena éileamh ar Chúnamh Dífhostaíochta.

Cúlra: Tháinig an t-achomharcóir go hÉirinn in Aibreán 2004 chun dul lena bhean agus a leanbh. Tugadh víosa dó faoin Scéim um Athaontú Teaghlaigh. Scar sé féin agus a bhean ina dhiaidh. D'éiligh sé Cúnamh Dífhostaíochta i Márta 2005 ach diúltaíodh dá éileamh nuair a shocraigh an tOifigeach Cinnidh nach raibh gnáthchónaí air sa Stát. Ba iad na bunúis don chinneadh a luadh ná nach raibh cónaí air in Éirinn ná in aon chodanna den Limistéar Taistil Choitinn don dá bhliain roimhe nó níos mó, nach raibh ceadúnas cónaithe reatha bailí aige chun fanacht in Éirinn, agus, ón bhfianaise a cuireadh isteach, nach raibh aon rud chun cruthú go raibh gnáthchónaí air sa Stát.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastal an t-achomharcóir air agus d'fheidhmigh dlíodóir agus abhcóide ar a son. Dúirt an t-abhcóide gur tugadh stádas teifigh agus cead fanacht sa Stát do bhean an achomharcóra i 2003 agus gur chuir sí ceist faoin scéim athaontú teaghlaigh agus í ag iarraidh go dtiocfadh an t-achomharcóir in éineacht léi. Ar chomhairle an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, rinneadh iarratas tríd an gConsalacht Onórach Éireannach sa Rómáin agus bronnadh víosa. D'inis sé gur tháinig an t-achomharcóir go hÉirinn in Aibreán 2004 agus gur tugadh ceadúnas oibre agus cead fanacht ar feadh bliana amháin dó. Uair éigin ina dhiaidh, tar éis dó a chárta aitheantais a chailliúint, bhí roinnt doiléireachta maidir le nádúr a stádais sa Stát agus an iarratais a rinneadh don Chonsalacht Onórach Éireannach ábhartha sa Rómáin. Bhí na ceisteanna seo ina ábhar Breithiúnais Ard-Chúirte agus cuireadh isteach cóip den Bhreithiúnas sin.

Ghlac an Ard-Chúirt leis gur iarratas faoi Mhír 18 de Acht na nDídeanaithe, 1996, ab ea foráil a thagraíonn d'iarratais ó bhaill clann teifigh ab ea iarratas an achomharcóra don Chonsalacht Onórach Éireannach. Ghlac an Chúirt leis go raibh an t-achomharcóir de theideal chun cinneadh ón Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus n-urbhacadh an tAire maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gceist an raibh an t-achomharcóir ina bhall de chlann *(duine ainmnithe)*. Fuair an Chúirt amach freisin go raibh moill mhór ar an Aire maidir le dul i ngleic leis an iarratas faoi fhorálacha ábhartha Acht na nDídeanaithe agus do dtí go ndéanfaí an cinneadh seo, bheadh sé míchuí cosc a chur ar an achomharcóir ó fhanacht sa dlínse nó oibriú. Luaigh an t-abhcóide gurb é an toradh a bhí ar Bhreithiúnas na hArd-Chúirte ná nach raibh ach bunúis shrianta ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le diúltú don iarratas, ba iad sin ná ar cheist leas an phobail nó ceist slándála náisiúnta. Dúirt sé gur tugadh cead do bhean an achomharcóra fanacht sa Stát gan ceapadh lae, agus mar sin gur bhain na cearta céanna leis an achomharcóir anois. Mhaígh sé nach ndeachaigh scaradh na lánúine i bhfeidhm ar an gceist agus go raibh an t-achomharcóir sa Stát go dlíthiúil. D'áitigh sé go raibh ceann de na bunúis don chinneadh nach bhféadfaí socrú go raibh gnáthchónaí ar an achomharcóir neamhbhailí mar thoradh air.

Thagair an tOifigeach Achomhairc do na bunúis eile a luaigh an tOifigeach Cinnidh agus dúirt sé go raibh gá ann dul i ngleic leis an pointí seo freisin. Luaigh an t-achomharcóir go raibh cónaí leanúnach air sa stát ó Aibreán 2004. Luaigh sé go ndearna sé iarratas ar Chúnamh Dífhostaíochta i nDeireadh Fómhair 2004 agus gur chreid sé gur éirigh leis. Dúirt sé gur scar sé óna bhean sular thosaigh na híocaíochtaí, áfach, agus nach raibh seoladh buan aige; ar an gcúis sin ní dhearnadh aon íocaíocht. Luaigh an t-abhcóide go raibh an caidreamh idir an t-achomharcóir agus a bhean fós go maith agus go raibh teagmháil rialta ag an achomharcóir lena leanbh. D'inis sé go raibh mórtheaglach an achomharcóra ina gcónaí in Éirinn freisin. Dúirt an t-achomharcóir cé go raibh sé in ann dul ag lorg oibre anois, go raibh a chuid Béarla go dona, agus go raibh sé ag teacht salach ar a chuardach oibre. Dúirt sé go raibh súil aige go bhfaigheadh sé áit ar chúrsa FÁS chun cuidiú leis a scileanna teanga a fheabhsú.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara socrú an Oifigigh Cinnidh go raibh easpa ceadúnais bhailí chun fanacht sa Stát ina bhunús do chinneadh nár chomhlíon an t-achomharcóir an choinníoll gnáthchónaithe. Ach cheap sé áfach, gurb é éifeacht Bhreithiúnas na hArd-Chúirte ná deimhniú go raibh an t-achomharcóir sa Stát go dlíthiúil agus go raibh cead aige fanacht de réir an dlí. Ghlac sé go raibh na bunúis ar a bhféadfaí cead a tharraingt siar chomh teoranta nach mbeadh mórán seans ann go n-athrófaí a stádas. Thug sé faoi deara freisin gur cinneadh ar dtús gur chomhlíon an t-achomharcóir an choinníoll gnáthchónaithe, ar an mbunús go raibh ceadúnas bailí chun cónaí sa Stát aige mar chéile duine a tugadh stádas teifigh di. Shocraigh sé gurb í éifeacht Bhreithiúnas na hArd-Chúirte ná a stádas de bheith ina chónaí sa Stát a thabhairt ar ais don achomharcóir, agus mar sin, na buntáistí ar fad a d'éirigh as an stádas seo a thabhairt ar ais freisin Dá réir, bhí sé sásta gurbh é stádas an achomharcóra ag an uair a rinne sé a éileamh ar Chúnamh Dífhostaíochta i Meán Fómhair 2004, ná gur chomhlíon sé an choinníoll gnáthchónaithe agus go raibh sé fós á chomhlíonadh.

Toradh: Achomharc ceadaithe

Appendix 1: Cairt Eagraíochta na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh ag 31 Nollaig 2005